



Sligo County Council
Comhairle Chontae Shligigh

Sligo.ie



**PLEAN CORPARÁIDEACH
2020-2024**



Cuireann Alt 134 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, arna leasú ag Alt 49 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014, de cheangal ar Údaráis Áitiúla Plean Corparáideach a réiteach, agus é ‘bunaithe ar chur chuige straitéiseach ar fud na heagraíochta a chuireadh gníomhaíochtaí éagsúla an údaráis áitiúil ábhartha.’





CLÁR ÁBHAIR



Réamhrá	4
Timpeallacht Oibriúcháin	5
Comhthéacs Buiséid	8
Ráiteas Misin	9
Bunluachanna	10
Spriocanna Corparáideacha	11
Cuspóirí agus Bearta Stiúrthoireachta	13
Téamaí Leathana	51
Faireachán agus Athbhreithniú	53
Pleananna Bliantúla um Sholáthar Seirbhísí	54
Seirbhísí Comhroinnte	55
Plean Forbartha Chontae Shligigh	56
Bainistíocht Sócmhainní Talún	57

AGUISÍNÍ

Tionscadal Extract Éireann 2040	59
Fís Diaspóra do Shligeach	60
Plean Ríochta Poiblí do Lár na Cathrach	61
Cairt Custaiméirí	62
Sceideal Straitéisí & Beartas	63
An Chomhairle Seo Agatsa	67
Coistí um Beartais Straitéiseacha	70
Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil	74
Cairt Eagrúcháin	75
Sonraí Bonnline	76



RÉAMHRÁ

Tá tírdhreach sóisialta agus eacnamaíoch Chontae Shligigh tar éis athrú thar na bearta le blianta beaga anuas. In ainneoin go mbímid dul i ngleic leis na dúshlán chéanna agus ag fáiltiú roimh na deiseanna céanna a bhíonn ag Údarás Áitiúla eile, tá cúiseanna áititheacha ann a bheith dearfach faoina bhfuil romhainn amach.

I rith shaolré an Phlean Chorparáidigh seo, feicimid neart tairbhí mar thoradh ar leibhéal infheistíochta caipitiúla inár gcontae nach bhfacthas a leithéid riamh. Na bóithre agus na tionscadail tithíochta iomadúla atá á gcur i bhfeidhm faoi láthair, ní amháin go dtacóidh siad le baint amach ár bpleananna uaimhianacha sna réimsí sin, ach spreagfaidh siad forbairtí suntasacha eile freisin.

Leanfaidh Comhairle Chontae Shligigh d’obair lenár bpobail áitiúla agus le príomhghníomhaireachtaí áitiúla chun ár spriocanna coiteanna a thabhairt chun críche, agus is é an chomhpháirtíocht sin is croílár ár

bpleanála fad a bheidh an plean seo á chur i bhfeidhm.

Tá rún againn freisin dul chun cinn a dhéanamh ar straitéis forbartha inbhuanaithe ilearnála le haghaidh 2030; tosaíochtaí infheistíochta a shocrú a chuirfidh buntáistí comparáideacha Shligigh san áireamh; aird a thabhairt ar thuairimí ár bpáirtithe leasmhara; cur chuige cuimsitheach a ghlacadh i leith cinnteoireacht ar infheistíochtaí; scileanna, nuálaíocht agus teicneolaíochtaí nua a chur chun tairbhe; agus timpeallacht a chothú ina mbeidh tús áite ag an nuáil.

Is maith atá Sligeach in ann anois barr a chumais mar Ionad Fáis Réigiúnach a bhaint amach de réir a bhfuil sonraithe i gCreat Náisiúnta Pleanála an Rialtais. Tá na bearta cuí á gcur i ngníomh ann a ligfidh dúinn cathair agus contae Shligigh a chur chun tosaigh agus a phoibliú mar Réigiún Cliste a mheallfaidh réimse leathan cuideachtaí a bheidh in ann poist éagsúla a thairiscint i dtimpeallacht inbhuanaithe nuálach.



An Comhairleoir Dara Mulvey
Cathaoirleach



Ciarán Hayes
Príomhfheidhmeannach



Oideachas



Daonra



Gnó



**TIMPEALLACHT
OIBRIÚCHÁIN**

Tírdhreach



Oidhreacht





TIMPEALLAIGHT OIBRIÚCHÁIN

Is i gCúige Chonnacht in iarthuaisceart na hÉireann atá Contae Shligigh suite. Cuimsíonn an contae dromchla talún iomlán de 1,837.11 km cearnach agus roinneann sé teorainn le Contaetha Liatroma, Ros Comáin agus Mhaigh Eo. Ar an taobh thiar de, síneann cósta an Atlantaigh ar feadh beagnach 200 km.

Daonra

Daonra níos mó ná 65,000 (Daonáireamh 2016) atá lonnaithe i Sligeach. Áiríonn sin cathair Shligigh, an lárionad daonra is mó san Iarthuaisceart (breis is 19,000), a bhfuil a thionchar le sonrú ar chúlchríoch a shíneann i bhfad níos faide ar shiúl ná teorainneacha an Chontae.

Is lárionad riaracháin, fostaíochta, tráchtála, sláinte agus oideachais é Sligeach, a fhreastalaíonn ar chúlchríoch mhór. Ainmníodh é mar lárionad fáis eacnamaíoch faoin gCreat Náisiúnta Pleanála.

Oideachas

Is chun sochair Shligigh go mór é go bhfuil dhá choláiste tríú leibhéal den scoth suite ann. Tá raon leathan de chúrsaí á dtairiscint ag an Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach, sna réimsí gnó, innealtóireachta, daonnachtaí agus eolaíochta, agus i gColáiste San Aingeal i Sligeach (comh-choláiste de chuid Ollscoil na hÉireann, Gaillimh), is féidir le mic léinn tabhairt faoi altranas, staidéar sláinte, eacnamaíocht bhaile agus oideachas.

Gnó

Mar thoradh ar fheabhsúcháin sna réimsí teileachumarsáide, fiontas agus bonneagair, agus mar gheall go bhfuil fáil mhaith ar láithreacha ina bhfuil seirbhísí, bhí Sligeach in ann é féin a chur chun tosaigh mar shuíomh ardcháilíochta le haghaidh gnó, agus tá roinnt mhaith cuideachtaí tar éis cur fúthu anseo. Ó thaobh iompar poiblí de, tá freastal maith ar Shligeach, ar bhóthar agus ar iarnród araon, agus táthar ag infheistiú go mór faoi láthair inár gclár caipitiúil bóithre. Lena hais sin, tá saoráid chalafoirt sa chathair, a éascaíonn iompórtáil agus easpórtáil earraí.



Tírdhreach

Is tírdhreach ilchineálach nádúrtha atá sa chontae, a chuimsíonn sléibhte aolchloiche iontacha amhail Binn Ghulbain agus Binn Mhaoiscin, ardtalamh spéisiúil eile (m.sh. Sliabh Gamh agus an Bricshliabh), lochanna gleoite iomadúla (Loch Gile, Loch Arbhach, Loch Ghleann an Chairthe, Loch Iascaí, Loch Uí Ghadhra, agus Loch Tailt), talamh feirme iata agus imeallbhord éagsúil a bhfuil aillte ísle, cósta cearnach agus trána gainmheacha mar shaintréithe aige.

Tírdhreach gan sárú atá i dtimpeallacht Shligigh, a bhuí go mór leis na buanna topagrafacha úd. Le blianta beaga anuas, táthar tar éis bealaí radharc, conairí sléibhe agus cósta, agus láithreacha fóillíochta agus taitneamhachta a fhorbairt, acmhainní atá go mór chun tairbhe an chontae.

Oidhreacht

Is ceantar faoi leith é Sligeach ó thaobh na seandálaíochta agus na staire de, agus tá breis is 5,000 láthair seandálaíochta taifeadta ann a théann siar níos mó ná 6,000 bliain, lena n-áirítear na láithreacha réamhstairiúla, an Cheathrú Mhór, an Cheathrú Chaol agus an Chraobhaigh Chaol.

Is é áilleacht na tíre máguaird, mar aon le hoidhreacht shaibhir chultúrtha agus stairiúil an chontae, a spreag idir ceoltóirí agus scríbhneoirí, ealaíontóirí agus filí — a leithéid muintir Yeats, Naomh Colm Cille agus Michael Coleman. Toisc an aitheantais idirnáisiúnta atá gnóthaithe ag Sligeach dá bharr, tá borradh mór faoin tionscal turasóireachta sa chontae.

Tá an oidhreacht mar chroílár fhéiniúlacht Shligigh agus is suntasach an cion a dhéanann an oidhreacht ar mhaithe le caighdeán beatha agus folláine na bpobal áitiúil. Is é aidhm Phlean Oidhreachta Chontae Shligigh ná sainoidhreacht Shligigh a chur ar a shúile dár bpobal ionas go mbeadh eolas agus meas acu uirthi agus go ndéanfaidís cúram di. Is mian linn freisin feasacht a ardú i gcoitinne ar oidhreacht Shligigh le go mbeadh gach uile dhuine in ann taitneamh a bhaint aisti.

Is í an oidhreacht sin is údar le Sligeach a bheith ina áit mhealltach le cónaí ann, le hobair ann agus le cuairt a thabhairt air. Tá éacht déanta le blianta beaga anuas mar thoradh ar shárobair agus thiomantas Fhóram Oidhreachta Shligigh agus an phobail i gcoitinne. Is follasach dúinn anois a luachmhaire atá sé, obair i gcomhar le chéile chun dul i ngleic le riachtanais agus cúiseanna imní ó thaobh na hoidhreachta áitiúla de.

Is é aidhm Fhóram Oidhreachta Shligigh ná: ‘Ár bpobal a spreagadh le heolas a chur ar shainoidhreacht Shligigh, meas a léiriú uirthi agus cúram a dhéanamh di, agus feasacht a ardú ar ár n-oidhreacht i gcoitinne le go mbainfeadh gach uile dhuine taitneamh aisti.’

Ghlac an Fóram na téamaí straitéiseacha seo a leanas chuige féin:

- ◆ Feasacht a ardú ar oidhreacht Shligigh
- ◆ Caomhnú agus bainistiú oidhreacht Shligigh a chur chun cinn
- ◆ Cur le tuiscint daoine ar luach oidhreacht Shligigh
- ◆ Rannpháirtíocht an phobail i bpleananna agus tionscadail oidhreachta a chur chun tosaigh
- ◆ Oidhreacht Shligigh a thaifeadadh agus na sonraí atá ann cheana a scaipeadh



COMHTHÉACS BUISÉID

Déantar straitéis airgeadais na Comhairle a cheapadh agus a ghlacadh i gcomhthéacs dálaí eacnamaíocha náisiúnta agus acmhainní daonna agus airgeadais áitiúla.

Bainistíofar acmhainní go stuama le go mbeifear in ann déileáil le hoibleagáidí reachtúla agus seirbhísí lárnacha, i bhfianaise go bhfuil an laghdú ar mhaoiniú ón rialtas láir agus ar ioncam ó rátaí tráchtála tar éis dul i gcion go diúltach ar scóip agus uallmhian ár gclár.

Is den rithábhacht fós é an bainistiú airgeadais, agus muid ag leanúint dár n-iarrachtaí chun seirbhísí barr feabhais a sholáthar do mhuintir Chontae Shligigh.



RÁITEAS MISIN

“Chun an fhorbairt eacnamaíoch, shóisialta, chultúrtha agus pobail a uasmhéadú, féidearthachtaí Shligigh mar chathair/pobal cliste a chur chun tairbhe, seirbhísí éifeachtúla costéifeachtacha a chur i bhfeidhm go daonlathach inbhuanaithe trédhearcach i gcomhar le pobail áitiúla agus gníomhaireachtaí deonacha agus reachtúla.”



BUNLUACHANNA

DAONLATHAS

- Beidh gach beart agus gach cinneadh á threorú ag prionsabail dhaonlathacha.

SEIRBHÍS PHOIBLÍ

- Cloífead leis na caighdeáin is airde maidir le seirbhísí do chustaiméirí.

IONCHUIMSIÚ

- Tá cultúr oscailteachta agus éagsúlachta á fhorbairt agus á chur chun cinn ag an gComhairle, atá láidir go sóisialta agus go heacnamaíoch agus a éascaíonn rochtain ar a seirbhísí uile.

COTHROIME

- Neamhchlaontacht agus cothroime le bheith mar bhonn agus thaca ag ár mbeartais, nósanna imeachta agus gníomhartha.

CUMARSÁID

- Cumarsáid éifeachtach inrochtana a dhaingniú, go himheánach agus go seachtrach araon, chun tacú go hiomlán le nósanna imeachta agus cinnteoireacht agus chun faisnéis shoiléir a sholáthar d'úsáideoirí, atá furasta le tuiscint.

OSCAILTEACHT, TRÉDHEARCAHT & CUNTASACHT

- Beartais a cheapadh agus a chur i ngníomh ar bhealach oscailte, trédhearcach agus cuntasach.

NUÁIL

- Cur chuige nuálach i leith soláthar seirbhísí a leabú agus cultúr fiontraíochta agus forbartha eacnamaíche a chothú.

FÓCAS AR PHOBAIL

- Aitheantas a thabhairt do ról lárnach tábhachtach ár bpobal áitiúil.

SLÁINTE & SÁBHÁILTEACHT

- Cultúr sláinte, sábháilteachta agus folláine a threisiú tuilleadh.

SPRIOCANNA CORPARÁIDEACHA

Chun an fhís atá sonraithe sa Ráiteas Misin a bhaint amach, tá cinneadh déanta ag Comhairle Chontae Shligigh gurb iad na spriocanna straitéiseacha corparáideacha seo a leanas a bheidh mar bhonn faoi chur i bhfeidhm an Phlean Chorporáidigh le linn a shaolré ó 2020 go dtí 2024.

Fostaíocht & Gníomhaíocht Eacnamaíoch (Forbairt Eacnamaíoch)

- Chun a oiread deiseanna agus is féidir a chur ar fáil sa chontae i dtaca le cruthú post, fiontraíocht, cruthaitheacht agus forbairt eacnamaíoch, lena chinntiú go soláthrófar an leibhéal fostaíochta is airde thar réimse leathan gníomhaíochtaí eacnamaíocha.

Ionchuimsiú Sóisialta & Bochtanas

- Cultúr ionchuimsithe agus éagsúlachta a chur chun cinn go sóisialta agus go heacnamaíoch inár ngníomhaíochtaí uile ionas gur féidir linn fáil réidh le míbhuntáistí, coimhthíos, scoiteacht agus bochtanas laistigh den chontae.

Oideachas & Oiliúint (Foghlaim ar feadh an tSaoil)

- Tacú le daoine aonair agus spriocghrúpaí imeallaithe atá faoi bhuntáiste ó thaobh an oideachais de, le go mbeidís in ann páirt iomlán a ghlacadh agus dul chun cinn a dhéanamh i ndeiseanna foghlama ar feadh an tsaoil.

Athrú Aeráide & Comhshaol

- Chun prionsabail agus dea-chleachtais chomhshaoil inbhuanaithe a chur chun tosaigh agus chun íomhá ghlas ghlan de Shligeach a choimeád mar chontae atá neamhdhíobhálach don chomhshaol i ngach gné dá chuid.



Sláinte & Folláine (Caighdeán Beatha)

- Chun tús áite a thabhairt do na prionsabail “caighdeán beatha” / “sláinte agus folláine” i ngach ceann dár ngníomhaíochtaí agus chun a chinntiú gur áit í Sligeach ina léireofar meas i gcónaí ar gach duine, is cuma cén aois, cumas, inscne, gnéaschlaonadh, cine, eitneacht nó creideamh reiligiúnach atá acu.

Ionadaíocht agus Cuntasacht Dhaonlathach Rannpháirtíoch

- An leibhéal is airde cuntasachta a chinntiú sa Chomhairle, chomh maith le dlúthbhaint ábhartha chuí le pobail agus le saoránaigh i dtaca lenár ngníomhaíochtaí.

Geilleagar Inbhuanaithe Ionchuimsitheach

- Geilleagar inbhuanaithe ionchuimsitheach a fhorbairt ar bhonn obair i gcomhar lenár bpobail agus ár bpríomhghníomhaireachtaí áitiúla de réir an Chreata Náisiúnta Pleanála.

Cathair agus Contae Cliste

- Fís do chathair agus contae cliste a chur chun cinn, a bheidh ionchuimsitheach go sóisialta agus a éascóidh soláthar post ar ardchaighdeán i dtimpeallacht inbhuanaithe nuálach.

Tacaíocht do Ghrúpaí Deonacha

- Tacaíocht leantach a chur ar fáil do ghrúpaí pobail agus deonacha áitiúla d'fhonn cur lena gcumas agus a n-acmhainneacht maidir le cur i bhfeidhm na seirbhísí ríthábhachtacha a sholáthraíonn siad.
- Leanúint de thacú leis an Ionad Áitiúil Oibrithe Deonacha.
- Na bearta atá sonraithe sa Straitéis Náisiúnta um Oibriú go Deonach a chur i bhfeidhm.
- Grúpaí agus coistí idirghníomhaireachta a chur chun tosaigh.



AN STIÚRTHÓIREACHT PLEANÁLA, POBAIL & FORBARTHA GEILLEAGAIR, EALAÍON & CULTÚR



POBAL AGUS FORBAIRT GEILLEAGAIR

*SPRIOCANNA
AGUS BEARTA
STRAITÉISEACHA*

1. Pobal:

Go mbeadh Contae Shligigh ina mhol fuinniúil sóisialta agus cultúrtha ina spreagar gach ball den phobal chun barr a chumais a bhaint amach, ina gcothófar saoránacht ghníomhach agus ina léireofar meas ar chearta daonna, comhionannas agus éagsúlacht.

2. Geilleagar:

Go mbeadh clú agus cáil ar Chontae Shligigh ar bhonn áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta as a thallann shaibhir, a chóras oideachais nuálach, a bhonneagar láidir, a thimpeallacht ghnó thacúil, a chultúr fiontraíoch agus a ardchaighdeán beatha.

Téama 1: Fostaíocht agus Gníomhaíocht Eacnamaíoch Inbhuanaithe

SPRIOC

Obair i gcomhar le chéile chun Sligeach a chur chun cinn agus a fhorbairt mar an contae a bheidh ar thús cadhnaíochta san Iarthuaisceart, mar láthair ardcháilíochta d'infheistíocht inbhuanaithe, turasóireacht, fiontraíocht agus fostaíocht, agus maidir le cur i bhfeidhm na Straitéise Cumarsáide agus Brandála chun go meallfadh Sligeach daoine chun cónaí ann, infheistiú ann agus cuairt a thabhairt air.



Spriocanna & Bearta

*SPRIOCANNA
AGUS BEARTA
STRAITÉISEACHA*

1.1

A bheith inár gceannaire straitéiseach lena chinntiú, i gcás na struchtúr uile atá gafa le feabhas a chur ar an bhfostaíocht agus an ghníomhaíocht eacnamaíoch i Sligeach, go bhfuil siad ag comhoibriú le chéile chun leasa an chontae i gcoitinne ar bhonn comhar trí Fhóram Eacnamaíoch Shligigh, an Coiste um Beartais Straitéiseacha Eacnamaíocha, Clár um Fhorbairt Pobail Áitiúil Shligigh, struchtúr Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh, agus comhaltaí tofa Shligigh i bpleanáil agus forbairt an phróisis pleanála a bhaineann le Straitéis 2030 Shligigh.

1.2

Cultúr a fhorbairt i gComhairle Contae Shligigh a thacóidh go mór leis an bhforbairt eacnamaíoch inbhuanaithe agus a chinnteoidh go bhfuil an Chomhairle ar thosach an tslua i dtaca le seirbhísí a sholáthar d'fhonn ardchaighdeán beatha a chur ar fáil d'aititheoirí Shligigh agus do chuariteoirí go Sligeach araon.

1.3

Tábhacht Shligigh ó thaobh na pleanála réigiúnaí de a uasmhéadú trí mhol eacnamaíoch a dhéanamh de le haghaidh Réigiún an Iarthuaiscirt, agus nascacht agus bonneagair eacnamaíoch an chontae a fheabhsú.

1.4

Tacú le cruthú post agus le forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe i bpobail ar fud Chontae Shligigh.

1.5

Na straitéisí Turasóireachta agus Dhiaspóra Shligigh a chur i bhfeidhm chun críche chur chun tosaigh agus fhorbairt Shligigh.

1.6

Sligeach a chur ar aghaidh mar láthair infheistíochta mhealltach d'infheistíocht dhíreach eachtrach agus d'fhorbairt agus leathnú na hearnála fiontraíochta dúchasaí.

**SPRIOCANNA
AGUS BEARTA
STRAITÉISEACHA**

1.7

Tacú le hearnálacha tábhachtacha micrithionscadail agus gnóthas beag agus meánmhéide Shligigh agus iad a fhorbairt, lena n-áirítear méadú fiontar reatha agus gnóthais nua a thionscnamh.

1.8

Beartas fiontair shóisialta a chur i ngníomh mar atá leagtha amach sa Bheartas Náisiúnta um Fhiontar Sóisialta d'Eirinn 2019–2022.

1.9

Tionscnaimh inbhuanaithe um fhorbairt eacnamaíoch 'comhfhorbartha áite' a cheapadh chun pobail uirbeacha rathúla a spreagadh agus chun creatlach bailte agus a gcúlchríocha a neartú trí chur leis na buanna is mó atá acu.

1.10

Tacú le pobail agus daoine imeallaithe agus iad a ghníomhachtú le go mbeidís in ann deiseanna fostaíochta a thapú.

Téama 2: Oideachas agus Oiliúint

SPRIOC

Cumhacht chlaochlaitheach an oideachais agus na hoiliúna a chur chun tairbhe d'fhonn borradh a chur faoin bhforbairt inbhuanaithe, eacnamaíoch agus pobail.

Spriocanna & Bearta

2.1

Sligeach a chur chun cinn agus a fhorbairt mar lárionad réigiúnach barr feabhais san oideachas, agus tacú leis an Institiúid Teicneolaíochta, Sligeach, agus í ag iarraidh stádas Ollscoile a bhaint amach. Tacú freisin le naisc Choláiste San Aingeal le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh, a bheidh ina bpríomhúdar i gcónaí le hoideachas ar leibhéal Ollscoile a chur chun tosaigh san Iarthuaisceart.

**SPRIOCANNA
AGUS BEARTA
STRAITÉISEACHA**

2.2

Tacú le Foghlaim ar feadh an tSaoil agus le tionscnaimh chun tacú le rochtain ar an oideachas, agus leanúint d'obair Choiste um Fhorbairt Áitiúil & Pobail (LCDC) Shligigh agus an fochoiste maidir leis an méid sin a chur i gcrích.

2.3

Na healaíona agus an cultúr a úsáid mar uirlisí don oideachas agus don fhorbairt phearsanta.

2.4

Bearta spriocdhírthe a fhorbairt chun dul i ngleic le míbhuntáiste ó thaobh an oideachais de agus chun an bhearna éachta a laghdú.

2.5

Naisc níos fearr a éascú idir scoileanna, coláistí agus fostóirí áitiúla.

2.6

Na scileanna agus an bonneagar oideachais cuí a fhorbairt, a thacóidh le cruthú post i bpríomhearnálacha eacnamaíocha áitiúla.

Téama 3: Sláinte & Folláine

SPRIOC

Folláine an phobail a chinntiú, agus chuige sin, a chinntiú gur áit níos sláintiúla é Sligeach le maireachtáil ann, le fás ann, le hobair ann agus le taitneamh a bhaint as an saol ann, de réir Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP) Shligigh.

Spriocanna & Bearta

*SPRIOCANNA
AGUS BEARTA
STRAITÉISEACHA*

3.1

Acmhainneacht a spreagadh agus a thógáil sa phobal agus tacú le rannpháirtíocht i dtionscnaimh sláinte agus pobail trí straitéisí agus thionscnaimh LCDC agus Líonraí Rannpháirtíochta Pobail, trí scéimeanna deontais agus tríd an gclár SICAP (An Clár um Ionchuísiú agus Ghníomhachtú Pobail).

3.2

Bearta a thabhairt isteach chun rochtain agus comhionannas a fheabhsú ó thaobh seirbhísí sláinte agus pobail a sholáthar de.

3.3

Meabhairshláinte agus folláine dhearfach a chur chun cinn.

3.4

Tionscnaimh phobalbhunaithe a thabhairt isteach chun na fachtóirí riosca a bhaineann le galair ainsealacha agus víris a laghdú.

3.5

Timpeallacht shláintiúil inbhuanaithe a phleanáil, ina dtabharfar aitheantas do riachtanais agus chumais éagsúla daoine.

3.6

Bearta comhtháite a fhorbairt d'fhonn sábháilteacht an phobail a fheabhsú.

Téama 4: Ionchuísiú Sóisialta, Bochtanas agus Comhionannas

SPRIOC

Cultúr ionchuísithe agus comhionannais a chur ar aghaidh agus dul i ngleic leis an mbochtanas trí bhearta LCDC, comhar idirghníomhaireachta agus gníomhartha laistigh de gach beartas de chuid na Comhairle, lena n-áirítear beartas LECP

SPRIOCANNA

AGUS BEARTA

STRAITÉISEACHA

Spriocanna & Bearta

4.1

Bearta a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar eisiaimh agus bhochtanas i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste nó imeallaithe nuair a bheimid ag plé le cur i bhfeidhm na Straitéise Forbartha Áitiúla (LEADER), an chlár SICAP, tionscnamh a thacaíonn le daoine breacaosta, an tionscadail 'Éire Shláintiúil', PEACE IV, cúnaimh deontais um Fheabhsú Pobal, agus gach saghas tacaíochta maidir le hionchuimsiú sóisialta.

4.2

Saintionscnaimh a fhorbairt, a thacóidh le hionchuimsiú sóisialta i measc grúpaí atá leochaileach ar bhochtanas agus eisiaimh, mar shampla, daoine breacaosta, daoine dífhostaithe, daoine faoi mhíchumas, tuismitheoirí single, pobail nua srl.

4.3

Ceannaireacht agus acmhainneacht san earnáil pobail a fhorbairt agus a threisiú, agus líonrú, comhar agus comhphleanáil a mhéadú i measc na n-eagraíochtaí ar fad.

4.4

Obair i ndlúthpháirt le hÉirinn Ildánach agus tionscnaimh Ealaíon agus Cultúir eile chun bearta a fhorbairt, a chinnteoidh comhionannas, feasacht chultúrtha agus comhtháthú.

4.5

Obair i gcomhpháirt le Foróige, Coistí Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga (CYPSCI), Ionad Acmhainní Teaghlaigh Shligigh srl. chun seirbhísí agus torthaí do leanaí, daoine óga agus teaghlaigh a fheabhsú.

Téama 5: Comhshaol agus Athrú Aeráide

SPRIOC

Maidir le cur i bhfeidhm LECP agus beart eacnamaíoch, oibreoidh Pobal & Forbairt Eacnamaíoch (C & ED) go dlúth le compháirtithe eile, lena n-áirítear Rannóg Comhshaoil na Comhairle, chun ár gcomhshaol a chosaint do na glúine atá romhainn agus chuige sin, tacóimid le forbairt eacnamaíoch agus pobail inbhuanaithe, rud a chinnteoidh go gcosnófar an comhshaol glactha go leordhóthanach.

Spriocanna & Bearta

5.1

Feasacht a ardú ar bheartais a thacaíonn le hinbhuanaitheacht comhshaoil agus éifeachtúlacht fuinnimh i ngach earnáil.

5.2

Beartas a chur i ngníomh a chinnteoidh gur ceannaire é Sligeach ó thaobh na turasóireachta inbhuanaithe de, agus san am céanna, ár mbonneagar comhshaoil, ár dtírdhreach agus ár n-oidhreacht thógtha agus nádúrtha ar leith a chosaint le linn don chlár LEADER agus na scéimeanna deontais uile a bheith á dtabhairt chun críche.

5.3

Táirgeacht, soláthar agus úsáid áitiúil foinsí fuinnimh malartacha, ar chaoi nach bhfuil díobhálach don chomhshaoil, a mhéadú faoi réir Measúnacht um Threoir maidir le Gnáthóga agus Measúnacht Tionchair Timpeallachta mar is cuí.

5.4

Tacú le rannpháirtíocht mhéadaithe pobail agus gnóthas i dtionscnaimh chomhshaoil inbhuanaithe, na tionscnaimh sin a chur chun cinn, agus deiseanna maoinithe a spreagadh.

Téama 6: Creat Comhoibríoch

SPRIOC

Creat don chomhobair a chruthú, agus é bunaithe ar phleanáil straitéiseach pobail & eacnamaíoch, comhroinnt seirbhísí agus acmhainní, taighde ar bhonn fianaise agus tiomantas i ngach earnáil don ghníomhú comhoibríoch.


Spriocanna & Bearta

6.1

Obair i gcomhar le gach comhpháirtí agus struchtúr pobail agus eacnamaíoch lena chinntiú gur colún lárnach é an comhoibriú san fhorbairt, agus dréim le tairseach lárnach a fhorbairt chun críche taighde socheacnamaíoch agus bailiú sonraí chun tacú le forbairt beartais i dtaca le planáil eacnamaíoch agus pobail agus chun na deiseanna maoinithe atá ar fáil don chontae a uasmhéadú.

6.2

Réimsí don ghníomhú comhoibríoch a shainaithint maidir le hoiliúint, forbairt agus planáil straitéiseach.



FORFHEIDHMIÚ PLEANÁLA AGUS RIALÚ TÓGÁLA

Spriocanna

*SPRIOCANNA
AGUS BEARTA
STRAITÉISEACHA*

1

Laghdú ar mhéid na forbartha neamhúdaraíthe.

2

A chinntiú go bhfuil deonuithe cead pleanála á gcomhlíonadh mar is cúí.

3

Forbraíochtaí tithíochta a thabhairt chun críche de réir caighdeáin chuí le gur féidir iad a thógáil i gcúram.

4

Líon na dtithe / láithreacha tréigthe atá gan áitiú go fadtéarmach a laghdú agus a n-athchur in úsáid a éascú.

5

Comhlíonadh rialachán foirgníochta agus rialachán maidir le táirgí foirgníochta a chur chun cinn agus a fhorfheidhmiú.



Bearta

*SPRIOCANNA
AGUS BEARTA
STRAITÉISEACHA*

1

Gearáin faoi fhorbairt neamhúdaraíthe a imscrúdú agus bearta forfheidhmithe cúí a chur i bhfeidhm go tráthúil.

2

Faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh deonuithe cead pleanála.

3

Plean Gníomhaíochta um Thithe gan Áitiú a chur i bhfeidhm.

4

Iniúchtaí láithreáin a dhéanamh lena chinntiú go bhfuil na rialacháin tógála á gcomhlíonadh.



LEABHARLANN, EALAÍONA, MÚSAEM & CARTLANNA SHLIGIGH

*SPRIOCANNA
AGUS BEARTA
STRAITÉISEACHA*

Spriocanna

1

Féinoideachas, léitheoireacht agus litríocht a bhrú ar aghaidh.

2

Tacú le feabhsúcháin maidir le litearthacht agus rochtain do chách ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil.

3

Leanúint d'fheabhas a chur ar an mbonneagar leabharlainne ar fud Chontae Shligigh.

4

Ról tacaíochta a ghlacadh maidir le fiontraíthe agus forbairt eacnamaíoch áitiúil.

5

Tús áite a bheith ag an gComhairle ó thaobh forbairt chultúrtha agus meas ar an gcultúr de.

6

Stair Chontae Shligigh i scríbhinn a bhailiú, a chaomhnú, agus cur léi.

7

Rochtain fheabhsaithe a chinntiú ar ár rogha seirbhísí leabharlainne, atá ag síorfhás.



Bearta

*SPRIOCANNA
AGUS BEARTA
STRAITÉISEACHA*

1

Faomhadh agus maoiniú a lorg ón gCiste Forbartha um Athghiniúint Uirbeach chun Lárleabharlann Shligigh agus Músaem Contae nua a thógáil.

2

Clár bliantúil imeachtaí a athbhreithniú agus a fhorbairt.

3

Daingniú agus feabhas a dhéanamh maidir leis an bpróiseas ar glacadh leis sa Phlean Leabharlaine 5 bliana chun sprioc ciste leabhar de €4 per capita a bhaint amach faoi 2025.

4

Rannpháirtíocht agus gníomhaíochtaí pobail a chur ar bun chun beartas um ionchuimsiú sóisialta a chur chun cinn.

5

‘Work Matters’ a fhorbairt mar sheirbhís tacaíochta do ghnóthais agus d’fhiontraihte i líonra leabharlanna Chomhairle Chontae Shligigh.

6

Clár a chur ar fáil i gcomhpháirt le Europe Direct, na hEalaíona, an Músaem agus na Cartlanna.

7

Úsáid seirbhísí ar líne a mhéadú, mar shampla, ríomhleabhair, ríomhírisí, meáin shóisialta, podchraoltaí, oiliúint agus físeáin oideachasúla ar líne.

8

I gcomhar lenár gcomhghleacaithe sna 29 Údarás Áitiúla eile, an córas náisiúnta aonair comhoibríoch um bainistíocht leabharlanna a fhorbairt.

9

Naisc a chothú le réamhscoileanna agus scoileanna ag gach leibhéal d’fhonn sraith imeachtaí agus clár a chur ar bun.



EALAÍONA SHLIGIGH

Spriocanna

SPRIOCANNA
AGUS BEARTA
STRAITÉISEACHA

1

Oibreoidh Seirbhís Ealaíon Chontae Shligigh i ndlúthpháirt le príomhpháirtithe leasmhara chun seirbhís ealaíon ardchaighdeán a sholáthar do mhuintir Shligigh agus chun rannpháirtíocht mhéadaithe i measc an phobail a spreagadh i réimse leathan timpeallachtaí sóisialta agus pobail.

2

Beidh an tSeirbhís Ealaíon ag obair leis an bpobal ealaíon freisin chun an cultúr agus an chruthaitheacht a chur chun tosaigh, ionas go léireofar Sligeach mar a bhfuil faoi láthair ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta araon.

3

Na healaíona a chur chun cinn tríd an oideachas.

4

Na healaíona a chur chun cinn i measc daoine óga.

5

Tacú le féilte agus imeachtaí ceoil.



Bearta

1

Plean Ealaíon cúig bliana a dhréachtú.

2

An clár Físealaíon 'Primary Colours' a thabhairt isteach i scoileanna.

3

An straitéis Ealaíona + Sláinte a chur i bhfeidhm.

4

'Music Generation' Shligigh.

5

Amharclannaíocht don Óige Chontae Shligigh.

6

Clár Ealaíon + Sláinte ar fud an chontae i gcomhar le FSS, Amharclann an Hawk's Well, scoileanna, Bealtaine, Cos Cos agus Féilte Lily Lolly.

7

Féile bhliantúil i gcomhar leis an Vogler Quartet, RIAM agus Con Brio.

8

Maoiniú agus tacaíocht a sholáthar trí fhógraíocht, comhairle agus saineolas.

9

Maoiniú a sholáthar d'eagraíochtaí ealaíon gairmiúla, d'fhéilte agus do chlár.



MÚSAEM SHLIGIGH

Spríocanna

1

Déantáin atá tábhachtach ó thaobh stair Shligigh de a bhailiú, a chaomhnú agus a thaispeáint.

2

Féidearthachtaí Shligigh i dtaca le turasóireacht chultúrtha a chur chun cinn.

3

Saoráid thoiscdhéanta a thógáil chun bonneagar an Mhúsaem a fheabhsú.

4

Obair i gcomhar le hinstiúidí pobail agus oideachais chun ár stair shaibhir a bhrú chun cinn.

Bearta

1

Dhá thaispeántas shuntasacha ar a laghad in aghaidh na bliana a chur ar siúl i Músaem an Chontae.

2

Leanúint den chlár caomhnaithe déantán.

3

Faisnéis agus treoir a sholáthar do dhaoine faoi dhéantáin agus fhionnachtana stairiúla.

SPRÍOCANNA

AGUS BEARTA

STRAITÉISEACHA



CARTLANNA SHLIGIGH

Spriocanna

1

Cartlanna an chontae a bhailiú agus a chaomhnú.

2

Feasacht a ardú maidir le cartlanna sa phobal.

3

Taifid Chomhairle Chontae Shligigh a bhainistiú.

Bearta

1

Plean cúig bliana do na Cartlanna a dhréachtú.

2

Cartlann Chontae a bhunú ina mbeidh na háiseanna cuí, lena n-áirítear acmhainní stórála leordhóthanacha.

3

Daoine agus eagraíochtaí áitiúla a spreagadh lena gcartlanna a thaisceadh.

4

Tabhairt faoi ghníomhaíochtaí for-rochtana.

5

Córas bainistithe taifead a fhorbairt sa Chomhairle.

OIFIG FIONTAIR ÁITIÚIL

*SPRIOCANNA
AGUS BEARTA
STRAITÉISEACHA*

Spriocanna

- 1** Cur i ngníomh an Chomhaontaithe Seirbhíse idir an Chomhairle agus Fiontraíocht Éireann, ina sonraítear na príomhbhearta atá le cur i bhfeidhm. Is í an Chomhairle, thar ceann na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta, a mhaoineoidh an Comhaontú chun freastal ar riachtanais na n-earnálacha micreaghnóthaí agus gnóthas beag. Áirítear leis na bearta sin go háirithe, seirbhís chuimsitheach chomhairleach agus faisnéise gnó; tacaíochtaí airgeadais, oiliúna agus comhairleacha; cur chun cinn fiontraíochta agus forbairt fiontair áitiúil.
- 2** An leibhéal acmhainní atá ar fáil don Oifig a uasmhéadú, ó acmhainní neamh-chiste (m. sh. cláir thrasteorann agus Eorpacha) agus ó acmhainní ciste.
- 3** Cur le ceapadh agus cur i bhfeidhm bheartais agus chuspóirí lárnacha eacnamaíocha agus fiontair na Comhairle, go háirithe sa réimse turasóireachta.
- 4** Cabhrú maidir le Halla na Cathrach a fhorbairt agus a chur chun tosaigh mar an tionad ina gcuirfear gníomhaíochtaí lárnacha eacnamaíocha agus fiontair na Comhairle i Sligeach i bhfeidhm.
- 5** Ár gcion a dhéanamh ar bhonn náisiúnta agus áitiúil ar mhaithe le beartais, nuálaíochtaí agus cláir i dtaca le fiontraíocht agus forbairt eacnamaíoch a fhorbairt agus a thabhairt chun críche.
- 6** Obair i gcomhar le gníomhaireachtaí eile chun na meicníochtaí tacaíochta a fheabhsú do ghnóthais nuathionscanta agus fiontair bheaga.



Bearta

*SPRIOCANNA
AGUS BEARTA
STRAITÉISEACHA*

1

Ionad céadfheastail cuimsitheach a sholathar, a chuimseoidh comhairle ghnó agus, áit ar gá, seirbhís eolais a threoróidh daoine chuig na tacaíochtaí atá á gcur ar fáil ag gníomhaireachtaí eile agus rannóga ábhartha na Comhairle.

2

An leibhéal acmhainní atá ar fáil don fhorbairt gnó a uasmhéadú.

3

Tacaíochtaí airgeadais a chur ar fáil d'fhorbairt nuathionscanta agus gnóthas.

4

Tacaíochtaí maidir le hoiliúint agus meantóireacht a chur ar fáil do ghnóthais ar cliaint de chuid na Comhairle iad.

5

Gach deis a thapú chun an fhiontraíocht a chur ar aghaidh, lena n-áirítear trí chlár náisiúnta amhail na clár scoile agus na Dámhachtainí Náisiúnta Fiontar, a bhrúitear chun tosaigh tríd an Líonra.

6

Líonraí gnó ábhartha a chur chun cinn agus rochtain orthu a sholáthar.

7

Obair i gcomhar le bainisteoirí ionad fiontar i bpobail agus a bheith rannpháirteach leo mar is cuí i gcomhthéacs aon bheartas náisiúnta agus/nó idirghabhálach atá bainteach.

8

Plean náisiúnta fiontraíochta a fhorbairt agus ionchur a dhéanamh i bpleananna corparáideacha, eacnamaíocha, agus forbartha eile na Comhairle mar is cuí.

9

De réir mar a theastaíonn, comhpháirtíochtaí agus clár reatha le gnóthais áitiúla, lena gcomhlachtaí agus urlabhraithe ionadaíocha, agus le gníomhaireachtaí eile a fhorbairt/a chothú, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil baint acu le forbairt Tuaiscirt/Deiscirt.



*SPRIOCANNA
AGUS BEARTA
STRAITÉISEACHA*

10

Clár thrasteorann agus eile a bhfuil maoiniú faighte ina leith a chur i bhfeidhm, mar shampla, tionscadal thalamh ard na teorann, an clár oibreacha leasúcháin ar phointí sár-radhairc feadh Shlí an Atlantaigh Fhiáin, clár ceantar feabhsaithe gnó (BID) Shligigh, naisc thrádála agus mar sin de, agus dréim i gcónaí le tuilleadh acmhainní a chur chun tairbhe d'fhonn clár ábhartha nua a thabhairt isteach.

11

Ceantair áitiúla a chur chun cinn agus a mhargú mar láithreacha don infheistíocht i gcomhpháirt leis na comhlachtaí náisiúnta ábhartha.

12

Bonneagar fiontraíochta cuí a fhorbairt ag leibhéal an Chontae/na Cathrach.

13

Feidhmiú mar acmhainn tharraingteach don Rialtas agus iad ag iarraidh tabhairt faoi thionscnaimh aon uaire (e.g. Fiontraí Óg is Fearr in Éirinn; dearbháin Oiliúna ar Líne).

14

Páirt a ghlacadh, a oiread agus is praiticiúil, i gcomhlachtaí agus coistí áitiúla agus náisiúnta (m.sh. LCDCanna, na Lónra LEOnna srl.) a bhfuil sainchúram fiontraíochta agus forbartha eacnamaíche acu.



STIÚRTHÓIREACHT TITHÍOCHTA, CHORPARÁIDEACH & SEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA



TITHÍOCHT

*SPRIOCANNA
AGUS BEARTA
STRAITÉISEACHA*

Spriocanna

- 1 Iarratais ar thacaíocht do Thithíocht Shóisialta a phróiseáil go tráthúil.
- 2 Obair i ndlúthpháirt le gníomhaireachtaí eile, comhlachtaí tithíochta deonacha agus eagraíochtaí pobail.
- 3 An stoc tithíochta a bhainistiú agus a chothabháil.
- 4 Gach deis a thapú chun cóiríocht bhreise a chur ar fáil i gContae Shligigh.



Bearta

*SPRIOCANNA
AGUS BEARTA
STRAITÉISEACHA*

1

Iarratais, measúnachtaí agus leithdháiltí maidir le Tacaíocht do Thithíocht Shóisialta a phróiseáil.

2

Leas a bhaint as na scéimeanna éagsúla atá ar fáil d'iarratasóirí incháilithe ionas gur féidir cóiríocht a bhainistiú agus a chur ar fáil.

3

An Clár Cóiríochta do Thaistealaithe (TAP) a chur i bhfeidhm.

4

Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean a chur i ngníomh agus a bhainistiú.

5

Seirbhísí bainistithe eastát, tacaíocht tionóntachta agus forfheidmiú tionóntachta a chur i bhfeidhm.

6

Naisc a fhorbairt le comhlachtaí poiblí agus deonacha ábhartha chun cur i bhfeidhm seirbhísí agus tacaíocht pobail a optamú.

7

Dul sa tóir ar gach deis atá ann chun deiseanna nua tithíochta a éascú.

8

Rialacháin a chur i bhfeidhm le go mbeadh caighdeáin chóiríochta chuí ann i gcóiríocht Údaráis Áitiúil agus i gcóiríocht phríobháideach ar cíós araon.

9

An Scéim Ceannaigh Incrimintigh do Thionóntaí, an Scéim Iasachtaí Tithíochta agus deontais tithíochta phríobháideacha a bhainistiú.

10

Obair laistigh de chórais agus nósanna imeachta ardchaighdeáin lena chinntiú go soláthraítear seirbhísí go tráthúil agus go héifeachtúil de réir na reachtaíochta baintí.

11

Comhoibriú le gníomhaireachtaí áitiúla chun tacaíochtaí tithíochta a sholáthar do dhaoine imeallaithe inár bpobal agus chun imeascadh imirceach a chur chun cinn de réir na dtreoirínte a d'eisigh an Roinn Díl agus Cirt agus Comhionannas.



CORPARÁIDEACH

*SPRIOCANNA
AGUS BEARTA
STRAITEISEACHA*

Spriocanna

1

Cur i bhfeidhm seirbhísí a chinntiú de réir na gcaighdeán um Rialachas Corparáideach.

2

Cinnteoireacht dhaonlathach a mhaoirsiú ar bhealach trédhearcach cuntasach.

3

Sonraí na gcruinnithe Comhairle uile a sholáthar.

4

A chinntiú go mbeidh na Seirbhísí do Chustaiméirí ar ardchaighdeán.

5

Cultúr Sláinte & Sábháilteachta a choinneáil agus a fheabhsú ar fud na heagraíochta.

6

Straitéis um Míchumas, Ionchuisiú agus Rochtain na Comhairle a chur i bhfeidhm, mar aon leis an gClár 'Training Lives' agus Coinbhinsiún an AE ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas.

7

Cur i bhfeidhm Dhualgas na hEarnála Poiblí.



*SPRIOCANNA
AGUS BEARTA
STRAITÉISEACHA*

Bearta

1

Cruinnithe Comhairle agus Coiste an Údaráis Áitiúil a riar de réir na riachtanas dlíthiúil/reachtúil.

2

Tacú leis an gComhairle agus a coistí maidir le bheith gníomhach ó thaobh beartais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm de.

3

An Nós Imeachta um Ghearáin ó Chustaiméirí, an Chairt Custaiméirí agus an Plean Gníomhaíochtaí maidir le Custaiméirí a athbhreithniú agus a chur i bhfeidhm.

4

Tacaíocht riaracháin a sholáthar don Chathaoirleach agus reáchtáil ócáidí sibhialta a mhaoirsiú.

5

Leas a bhaint as córais faisnéise reatha agus córais faisnéise atá ag teacht chun cinn d'fhonn cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le Comhairleoirí, an fhoireann, na meáin agus an pobal i gcoitinne, agus rochtain ar sheirbhísí faisnéise ar líne a fheabhsú.

6

Na miontuairiscí agus cláir ghnó uile i dtaca leis an gComhairle a chur ar fáil ar láithreán gréasáin na Comhairle.

7

Cumarsáid shoiléir a dhéanamh leis an bpobal i dtaobh impleachtaí costais agus cánach na seirbhísí éagsúla.

8

Iarratais Saorála Faisnéise a phróiseáil go tráthúil.

9

Teanga chruinn, saor ó bhéarlagair a úsáid le haghaidh na bhfógraí poiblí agus na n-eisiúintí meáin a bhíonn á n-ullmhú agus á gcur ar taispeánt ag an gComhairle.

10

Foilseacháin a réiteach agus a fhoilsiú de réir na sprioc-amanna reachtúla sonraithe.

ACMHAINNÍ DAONNA

Spriocanna

*SPRIOCANNA
AGUS BEARTA
STRAITÉISEACHA*

1

A chinntiú go bhfuil na daoine cearta san eagraíocht, ag an am ceart agus san áit cheart, agus go bhfuil na scileanna cuí acu le sainúdarás agus spriocanna straitéiseacha na heagraíochta a chomhlíonadh.

2

An fhoireann a spreagadh le barr a gcumais a bhaint amach, bunaithe ar bhainistiú an Chórais Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS).

3

Beartais agus nósanna imeachta Acmhainní Daonna a fhorbairt agus a chur i ngníomh go héifeachtúil tráthúil.

4

Riachtanais oiliúna a shainaitheint, agus a chinntiú go soláthraítear cláir bhunriachtanacha go héifeachtúil tráthúil.

5

Gníomhaíochtaí agus cláir oiliúna i dtaca le caidreamh tionsclaíoch a mhaoirsiú de réir na riachtanas buiséadach agus reachtúil.



Bearta

*SPRIOCANNA
AGUS BEARTA
STRAITÉISEACHA*

1

Tabhairt faoi phróisis um pleanáil fórsa oibre go héifeachtúil tráthúil ionas gur féidir an fórsa oibre reatha a anailísiú, riachtanais todhchaí ó thaobh fórsa oibre de a chinneadh, an bhearna idir an t-am i láthair agus an todhchaí a shonrú, agus réitigh a chur i bhfeidhm ionas go mbeidh an eagraíocht in ann a spriocanna a thabhairt chun críche go héifeachtúil.

2

Cruinnithe rialta a reáchtáil, chomh maith le hathbhreithniú leanúnach ar chúrsaí a thagann aníos, sa chaoi go gcoinneofar caidreamh oibre éifeachtach le ceardchumann agus an fhoireann.

3

Athruithe ar an struchtúr eagrúcháin agus ar phróifílí na foirne a choimeád agus a nuashonrú.

4

A chinntiú go gcuirfear earcaíocht i bhfeidhm ar bhealach éifeachtúil trédhearcach.

5

Clár éifeachtach seirbhísí leasa foirne a thabhairt isteach.

6

Tús áite a thabhairt do riachtanais Oiliúna agus Forbartha ríthábhachtacha.

7

Scéim Aoisliúntais na Comhairle a riar trí theidlíochtaí foirne a ríomh go pras nuair a théann siad ar scor/nuair a éiríonn siad as a bpost.

8

Riar na riachtanas ábhartha a bhaineann le Comhaontuithe Náisiúnta a mhaoirsiú.

9

Beartais a thacaíonn le teaghlaigh a riar go héifeachtúil tráthúil.

10

Na beartais, nósanna imeachta agus córais TF cuí a bheith i bhfeidhm chun tinreamh na foirne a bhainistiú.



STIÚRTHÓIREACHT AIRGEADAIS



AIRGEADAS

Spriocanna

*SPRIOCANNA
AGUS BEARTA
STRAITÉISEACHA*

1

Plean Airgeadais a chomhaontú leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil chun inbhuanaitheacht a bhaint amach maidir le cúrsaí airgeadais Chomhairle Chontae Shligigh.

2

An buiséad a rialú go docht agus ioncam a uasmhéadú ó gach sruth ioncaim, bearta éifeachtúlachta eile a thabhairt isteach, agus luach ar airgead a chinntiú i ngach réimse seirbhíse.

3

Doiciméid agus tuarascálacha airgeadais a ullmhú de réir chód cleachtais cuntasaióchta na Roinne, agus na tuarascálacha sin a sheoladh chuig an Roinn faoi réir cead a bheith faighte chuige sin roimh ré ó Chomhaltaí na Comhairle.



Bearta

*SPRIOCANNA
AGUS BEARTA
STRAITÉISEACHA*

1

Rialú buiséid docht le bheith curtha i bhfeidhm agus maoirsithe ag an bhFoireann Bainistíochta Sinsearaí.

2

Athbhreithniú leanúnach ar an stádas airgeadais ag gach Cruinniú Bainistíochta Sinsearaí.

3

Faireachán leantach le bheith déanta ag an bhFoireann Bainistíochta Sinsearaí ar rialú an bhuiséid.

4

Spriocanna agus clár oibre an 'Tascfhórsa Ioncaim' a mheas agus a athbhreithniú sa mhéid a bhaineann siad le spriocanna inbhainte amach.

5

Dul i muinín tionscnaimh soláthair náisiúnta agus earnála, chomh maith le straitéisí ceannaigh feabhsaithe, chun éifeachtúlacht níos fearr a bhaint amach.

6

Leas a bhaint as córais TF reatha agus córais TF atá ag teacht chun cinn sa chaoi go mbeidh rochtain fheabhsaithe ar sheirbhísí.

7

Tuarascálacha ráithiúla IMF/AE a réiteach agus a chur faoi bhráid Comhaltaí Comhairle agus na Roinne laistigh de sprioc-amanna arna socrú ag an Roinn.

8

Ráiteas Airgeadais Bliantúil Chomhairle Chontae Shligigh a ullmhú de réir chód cleachtais cuntasaíochta na Roinne agus é a chur faoi bhráid Comhaltaí Comhairle agus na Roinne laistigh de sprioc-amanna arna socrú ag an Roinn.

9

An Buiséad Bliantúil a ullmhú laistigh de sprioc-amanna arna socrú ag an Roinn agus é a chur faoi bhráid Comhaltaí Comhairle le go nglacfaidís leis.



**STIÚRTHÓIREACHT
COMHSHAOIL, BONNEAGAIR,
SEIRBHÍSÍ DÓITEÁIN &
GNÍOMHAÍOCHTA AR SON NA
HAERÁIDE**



BÓITHRE & IOMPAR

*SPRIOCANNA
AGUS BEARTA
STRAITÉISEACHA*

Spriocanna

1

Staid fhisiciúil an líonra bóithre poiblí i gContae Shligigh a chothabháil agus a fheabhsú, mar aon leis na lánaí rothaíochta agus na cosáin, d'fhonn folláine shóisialta agus eacnamaíoch Shligigh a éascú agus tacú léi.

2

Leanúint de dhaoine a spreagadh chun leas a bhaint as modhanna iompair níos inbhuanaithe chun críche gnó, fóillíochta agus taisteal chuig an obair, lena n-áirítear siúl, rothaíocht agus iompar poiblí (bus agus iarnród), agus na modhanna sin a éascú agus a fhorbairt ar bhonn leantach. Tacaíocht a sholáthar go háirithe do shainscéimeanna a bhfuil féidearthachtaí acu don turasóireacht, agus na scéimeanna sin a fhorbairt.

3

Pleanáil iompair fheabhsaithe agus bainistíocht tráchta fheabhsaithe a chur i bhfeidhm chun feabhas a chur ar bhealaí isteach chuig réigiún, contae, agus Cathair agus Purláin Shligigh, agus ar ais uathu.

4

Scéimeanna feabhsúcháin ar líonra Bóithre Náisiúnta Chontae Shligigh (N4, N16, N15, N17 agus N59) a bhrú ar aghaidh chun na naisc leis an gcuid eile den oileán agus thar lear a fheabhsú, is é sin, aerfoirt, calafoirt srl.

5

Forbairt bóithre neamhnáisiúnta straitéiseacha i gCathair agus Purláin Shligigh chun a forbairt shóisialta agus eacnamaíoch mar Ionad Fáis Réigiúnach agus mar chathair a spreagfaidh fás eacnamaíoch laistigh den réigiún a éascú.



Bearta

SPRIOCANNA
AGUS BEARTA
STRAITÉISEACHA

1

Athbhreithniú a dhéanamh ar oibríochtaí cothabhála agus feabhsaithe bóithre le haghaidh bóithre náisiúnta agus neamhnáisiúnta araon chun féachaint le bearta éifeachtúlachta a bhaint amach agus a fheabhsú, lena n-áirítear athbhreithniú ar bhainistíocht flít, oiliúint foirne, agus úsáid córas TF agus córas bainistíochta pábhála. Leanúint d'obair i gcomhar leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus le Bonneagar Iompair Éireann chun maoiniú le haghaidh cothabháil bóithre do Chontae Shligigh a uasmhéadú.

2

Obair le Feachtas Rothaíochta Shligigh chun leanúint de lánaí rothaíochta a fhorbairt i gContae Shligigh.

3

Leanúint d'obair i gcomhar leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus le Bonneagar Iompair Éireann chun clár Taisteal Níos Cliste Shligigh a fhorbairt, lena n-áirítear áiseanna feabhsaithe a thógáil le haghaidh coisithe agus rothaithe agus seirbhísí feabhsaithe bus agus iarnróid a éascú.

4

Pleanáil iompair agus bainistíocht tráchta i gContae Shligigh a athbhreithniú, go háirithe i gCathair Shligigh, lena n-áirítear Córas um Rialú Tráchta Uirbigh a chur i bhfeidhm sa Chathair.

5

Na scéimeanna feabhsúcháin seo a leanas ar Bhóithre Náisiúnta laistigh de Chontae Shligigh a bhrú chun tosaigh:

- Scéim Feabhsúcháin Bóthair an N4 Cúil Mhuine go dtí Béal Átha na gCarraigíní a thabhairt chun críche.
- Scéim Feabhsúcháin Uirbeach Shligigh an N4/N15 – lastuas de Dhroichead Hughes chuig acomhal an R291/N16, lena n-áirítear córas um rialú tráchta uirbigh – a thabhairt chun críche.
- Scéimanna feabhsúcháin a fhorbairt agus a thógáil ar an N16 Sligeach go dtí Teorainn Chontae Liatroma.
- Leanúint de scéimeanna feabhsúcháin a bhrú ar aghaidh tríd an bpróiseas pleanála ar an scéim N17 Cúil Mhuine go dtí Cnoc Mhuire
- Scéim Feabhsúcháin an N59 An Chorrthamnach go dtí Log na Daibhche a fhorbairt agus a thógáil.

6

Na scéimeanna bóthair neamhnáisiúnta seo a leanas i gCathair Shligigh a bhrú ar aghaidh:

- Scéim Dhroichead na Garbhóige Thoir agus Bóithre Isteach
- Bóthar Dáileacháin an Iarthair
- Scéim Ceangail Shráid an Bhurtúnaigh
- Scéimeanna Feabhsúcháin Poiblí
- Droichead Coisithe Dhroichead Markievicz



CÉANNA, CALAFOIRT & COSAINN CÓSTA

Spriocanna

*SPRIOCANNA
AGUS BEARTA
STRAITÉISEACHA*

1

Líonra céanna agus calafort Shligigh a chothabháil, a dheisiú agus a fhorbairt ar ardchaighdeán chun tacú le gníomhaireachtaí iascaireachta, fóillíochta agus turasóireachta.

2

Líonra reatha beart cosanta Shligigh ar chreimeadh cósta a mhonatóiriú, a chothabháil agus a láidriú, go háirithe chun láithreacha ina bhfuil áiseanna tábhachtacha eacnamaíocha, turasóireachta, agus fóillíochta poiblí a chosaint.

3

Leanúint de láithreacha a shainnithint atá i mbaol creimeadh cósta agus tuilte.

4

Rochtain an phobail ar thránna i gContae Shligigh a choimeád agus a fheabhsú ar chaoi inbhuanaithe, go háirithe tránna Brataí Goirme.

5

Leanúint den tionscadal Measúnaithe agus Bainistíochta Riosca i gcás Tuilte Dobharcheantair (CFRAM) i gContae Shligigh a chomhordú.



*SPRIOCANNA
AGUS BEARTA
STRAITÉISEACHA*

Bearta

1

Caidreamh maith oibre a chothú agus a fheabhsú i gcónaí le gníomhaireachtaí maoinithe éagsúla. Maoiniú a phleanáil, a fhorbairt agus a aimsiú le haghaidh scéimeanna sainaitheanta nua cósta agus calafoirt, áit ar cuí.

2

Straitéisí a fhorbairt do limistéir chósta atá i mbaol creimthe.



SEIRBHÍSÍ UISCE

*SPRIOCANNA
AGUS BEARTA
STRAITÉISEACHA*

Spriocanna

1

Leanúint de Sheirbhísí Uisce Óil agus Fuíolluisce den scoth a sholáthar agus a chothabháil ar bhonn laethúil ar mhaithe le muintir Shligigh de réir an Chomhaontaithe Seirbhíse le Uisce Éireann.

2

Leanúint den obair ar an mbonneagar uisce agus fuíolluisce a fhorbairt i Sligeach tríd an gcomhpháirtíocht le Uisce Éireann.

3

A chinntiú go gcuirfear na seirbhísí sin i bhfeidhm laistigh den bhuiséad atá curtha i leataobh dóibh.

Bearta

1

A chinntiú go bhfuil foireann/acmhainní leordhóthanacha ann le gur féidir leanúint go sásúil de na seirbhísí uisce a aistriú chuig Uisce Éireann.

2

A chinntiú freisin go ndéanfar tionscadail Uisce agus Fuíolluisce tosaíochta a bhrú ar aghaidh i gcomhar le Uisce Éireann, ach go gcloífead san am céanna leis na caighdeáin is airde maidir le hoibríochtaí cothabhála laethúla na líonraí Uisce agus Fuíolluisce araon.



SEIRBHÍS COMHSHAOIL

Spriocanna

*SPRIOCANNA
AGUS BEARTA
STRAITÉISEACHA*

1

Cosaint agus feabhsú cháilíocht an uisce i gContae Shligigh.

2

Limistéir a bhfuil luach nádúrtha comhshaoil ag baint leo a chaomhnú agus an turasóireacht i gContae Shligigh a fheabhsú.

3

Cloí le Plean Bainistithe Dramhaíola Chonnacht.

4

Timpeallacht ghlan mhaireachtála a chinntiú do shaoránaigh Shligigh.

5

Cáilíocht an aeir i gContae Shligigh a chosaint agus a fheabhsú.

6

Caighdeán um shábháilteacht bia a fhorfheidhmiú in áitribh ina mbítear ag plé le bia.

7

An tSeirbhís Maorachta Madraí don Chontae a bhainistiú agus an tAcht um Rialú Capall a chur i bhfeidhm.



**SPRIOCANNA
AGUS BEARTA
STRAITÉISEACHA**

8

A chinntiú go soláthrófar seirbhísí laistigh den bhuiséad sonraithe.

9

Cultúr Sláinte agus Sábháilteachta a choimeád agus a fheabhsú san earnáil i gcoitinne.

10

Giniúint ioncaim a uasmhéadú.

Bearta

1

A chinntiú go gcuirfear an clár Monatóireachta ar Cháilíocht Uisce Óil i bhfeidhm ina iomláine agus go ndéileálfar le haon neamhchomhlíonadh maidir leis.

2

Plean iniúchta na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) do Chórais Tí um Chóireáil Fuíolluisce a thabhairt chun críche.

3

Iniúchtaí talmhaíochta a chur i bhfeidhm de réir mar a éilíonn an GCC.

4

Foinsí uisce óil a chosaint.

5

Na pleananna um bainistiú abhantraí a chur i ngníomh agus a fhorfheidhmiú.

6

Fodhlíthe Bainistíochta Dramhaíola 2013 a bhainistiú agus a fhorfheidhmiú.

7

Feabhas a chur ar bhailiú sonraí don bhainistíocht dramhaíola agus ar léirmhíniú na sonraí sin.

8

A chinntiú go mbainistíofar dramhaíl ar bhealach nach bhfuil díobhálach don chomhshaol agus de réir na Rialachán.



*SPRIOCANNA
AGUS BEARTA
STRAITÉISEACHA*

9

Na hoibleagáidí faoin gconradh seirbhísí le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann a chomhlíonadh.

10

Na hAchtanna um Rialú Madraí 1986–1992 agus an tAcht um Bunachais Pórucháin Madraí 2010 a chur i bhfeidhm.

11

An tAcht um Rialú Capall a chur i bhfeidhm.

12

An bhainistíocht bruscair a neartú ar fud na cathrach agus an chontae.

13

Caighdeán agus dáileachán áiseanna athchúrsála a bhainistiú agus a fheabhsú.

14

Bainistíocht Tránna ar fud an chontae a chomhordú agus a fheabhsú agus chuige sin, a chinntiú go bhfuil na critéir do Thránna Brataí Goirme á gcomhlíonadh, go bhfuil na fodhlíthe trá á bhforfheidhmiú, agus go bhfuil seirbhís garda tarrthála/maoir leordhóthanach i bhfeidhm ag tránna Inis Crabhann, an Rois, na Srithidí, Dhún Móráin agus an Leathrois.

15

Ceadúnais um Thruailliú Aeir a eisiúint agus a fhorfheidhmiú.

16

Iarratais ar phleanáil agus fhorbairt a mheas ó thaobh a dtionchar féideartha ar an gcomhshaol de.

TÉAMAÍ LEATHANA

Aithníodh sa phróiseas comhairliúcháin inmheánaigh agus sheachtraigh roinnt mhaith téamaí leathana a bhí mar bhonn agus thaca ag ullmhú an Phlean:

Iompar

- An rochtain iompair ar an larthuaisceart a fheabhsú le go mbeadh gnóthais in ann oibriú go hiomaíoch ón réigiún.

Comhar

- Obair go dlúth le príomhpháirtithe leasmhara chun an contae a chur chun cinn níos éifeachtaí mar lárionad fáis eacnamaíoch agus turasóireachta, chun deiseanna nua infheistíochta a éascú, agus chun íomha agus branda réigiúnach láidir a chur faoi bhráid an tsaoil.

Scileanna

- Comhpháirtíochtaí a chothú d'fhonn an clár náisiúnta scileanna a chur i ngníomh.

Oideachas

- Forbairt agus infheistíocht leantach a spreagadh san oideachas, sa taighde agus i naisc acadúla.



Ceartha daonna agus comhionannas

- A chinntiú go léireofar meas ar cheisteanna cearta daonna agus comhionannais de réir Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014.

Tacaíocht do Dhaoine Breacaosta

- Tacú le cleachtais chruthaitheacha nuálacha a fhorbairt tríd an 'gClár Aoisbhá Éireann' agus an Aoisbhá a chur chun tosaigh mar shainphrionsabal sa phleanáil straitéiseach ábhartha.

Sláinte & Folláine

- Béim a leagan ar shláinte, folláine agus caighdeán beatha feabhsaithe mhuintir Shligigh, agus tacú le Tascfhórsa um Dhrugaí agus Alcól an Iarthuaiscirt maidir lena fheachtas chun an dochar a bhaineann le halcól a chosc agus a laghdú.

Rochtain

- A chinntiú go bhforbrófar Sligeach agus go gcuirfear chun cinn é mar thimpeallacht inrochtana ina mbeidh fáilte roimh dhaoine faoi mhíchumas.



FAIREACHÁN AGUS ATHBHREITHNIÚ

Déanfaidh an Coimisiún Náisiúnta um Fhormhaoirsiú agus Iniúcháireacht (NOAC) faireachán ar leordhóthanacht an Phlean Chorporáidigh agus beidh measúnú á dhéanamh acu ar a chur i bhfeidhm.

Chun gur féidir faireachán a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht i ngach príomhréimse seirbhíse, bainfear leas as Córas Táscairí Feidhmíochta, atá ina mheicníocht thábhachtach maidir le tagarmharcáil na feidhmíochta i roinnt mhaith réimsí éagsúla. Tá na táscairí sin ar fáil don phobal, rud a éascóidh tuiscint agus trédhearcacht níos leithne maidir le feidhmiú Chomhairle Chontae Shligigh.

Déanann an Coimisiún Náisiúnta um Fhormhaoirsiú agus Iniúcháireacht mionscrúdú ar fheidhmíocht comhlachtaí rialtais áitiúla in aghaidh táscairí ábhartha, lena n-áirítear táscairí a bhaineann le seirbhís do chustaiméirí.

Déanfar an dul chun cinn maidir le baint amach na spriocanna sa Phlean Corparáideach a thomhas ar an-chuid bealaí, mar shampla:

- ◆ Na Táscairí Feidhmíochta Náisiúnta
- ◆ Tuarascáil Bhliantúil an Údaráis Áitiúil
- ◆ Tuarascálacha an Choiste Iniúcháireachta
- ◆ Tuairiscí Iniúcháir an Údaráis Áitiúil
- ◆ An Ráiteas Airgeadais Bliantúil
- ◆ Moltaí ón gCoimisiún Náisiúnta um Fhormhaoirsiú agus Iniúcháireacht
- ◆ An Tuairisc Bhainistíochta Mhíosúil don Chomhairle
- ◆ Athbhreithniú ar Phleananna Seirbhíse Bliantúla
- ◆ Más amhlaidh a thagann gá le beart ceartaitheach chun solais mar toradh ar an bpróiseas faireacháin agus athbhreithnithe, cuirfear é sin ar a shúile don Ghrúpa Beartais Chorporáidigh ar an gcéad ásc



PLEANANNA BLIANTÚLA UM SHOLÁTHAR

Is príomhchuspóir de chuid an Phlean Chorporáidigh é creat a chur ar fáil, ar féidir pleananna bliantúla um sholáthar seirbhísí a cheapadh ann.

Éilíonn Alt 134A d'Acht 2001 (arna chur isteach le hAlt 50 d'Acht 2014) go mbeidh ar údaráis áitiúla, as seo amach, pleananna bliantúla um sholáthar seirbhísí a ullmhú, ina leagfar amach go mionsonraithe na gníomhaíochtaí atá le cur i bhfeidhm sna príomhréimsí feidhme uile chun go mbeifear in ann spriocanna an phlean chorporáidigh a thabhairt chun críche.

Déanfaidh an Plean Bliantúil um Sholáthar Seirbhísí (ASDP) na seirbhísí atá le soláthar a shainaithint, mar aon leis na caighdeáin ar a ndéanfar iad a sholáthar a mhonatóiriú agus a mheas, lena chinntiú go mbainfear amach na spriocanna a theastaíonn le haghaidh chur i bhfeidhm na seirbhísí a fheabhas agus is féidir. Cuirfidh an ASDP modheolaíocht nua ar fáil, agus dá réir sin, beidh na húdaráis áitiúla in ann a bhfeidhmíocht féin bliain ar bhliain a mheas, agus ar an gcaoi chéanna, beifear in ann feidhmíocht na n-údarás áitiúil a mheas.

Anuas air sin, beidh an plean um sholáthar seirbhísí nasctha leis an bpróiseas buiséid, an córas bainistithe agus forbartha feidhmíochta, agus táscairí seirbhíse/feidhmíochta bainteacha, agus cuirfear in oiriúint é i rith shaolré an phlean chorporáidigh do na táscairí feidhmíochta a fhorbróidh an Coimisiún Náisiúnta um Fhormhaoirsiú agus Iniúchóireacht, is é sin, an comhlacht náisiúnta atá freagrach as an rialtas áitiúil a mhaoirsiú.



SEIRBHÍSÍ COMHROINNTE

- ◆ Is é Comhairle Chontae Shligigh príomhúdarás na Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean i Réigiún an Iarthuaiscirt (Sligeach, Dún na nGall agus Liatroim). Áirítear sa ról sin Comhfhóram Sainchomhairleoireachta um Dhaoine gan Dídean agus Grúpa Bainistíochta an réigiúin a mhaoirsiú, mar a fhoráiltear in Ailt 38 agus 39 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009. Is é Comhairle Chontae Shligigh atá freagrach ar deireadh as clár caiteachais an réigiúin a thabhairt chun críche, clár a bheidh á fhorbairt ag an gComhairle i gcomhpháirt le dhá údarás tithíochta. Tá freagracht as an leithdháileadh réigiúnach fágtha faoin gComhairle freisin, agus é le bheith íoctha mar is cuí leis na húdarás tithíochta uile sa réigiún. Tá de chúram ar Chomhairle Chontae Shligigh chomh maith caidreamh riaracháin an réigiúin leis an Roinn a bhainistiú, lena n-áirítear riachtanais áirithe maidir le tuairisciú.
- ◆ Seirbhísí comhroinnte leabharlanna poiblí
- ◆ Seirbhís náisiúnta chomhroinnte i dtaca le hAcmhainní Daonna, párolla agus aoisliúntas [cúrsaí pinsin]
- ◆ Comhaontú seirbhísí le Uisce Éireann
- ◆ Ionad Traenála Réigiúnach le haghaidh Seirbhísí Dóiteáin
- ◆ Meabhrán Tuisceana ina gceaptar Comhairle Contae Chiarraí mar Chomhlacht Soláthair Láir



PLEAN FORBARTHA CHONTAE SHLIGIGH

Ba iad Comhaltaí Chomhairle Chontae Shligigh a cheap Plean Forbartha Chontae Shligigh 2017–2023 ag cruinniú dá gcuid ar an 31 Iúil 2017.

Tá Plean Forbartha Chontae Shligigh 2017–2023 i bhfeidhm ón 28 Lúnasa 2017. Leagtar amach ann straitéis fhoriomlán do phleanáil agus fhorbairt inbhuanaithe Chontae Shligigh de réir an Achta um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú).

Mar thoradh ar chur i bhfeidhm an Achta um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 agus chealú Chomhairle Buirge Shligigh ina dhiaidh sin, tá dlíne mhéadaithe ag Comhairle Chontae Shligigh anois ar Shligeach agus Phurláin Shligigh, agus réitigh an dá údarás pleanála dhá phlean forbartha i gcomhar le chéile do na limistéir thuas (sna blianta 2004 agus 2010). Anuas air sin, bunaíodh córas ceantair bhardsaigh um riarachán áitiúil de réir an Achta um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014.

Cuireann an Plean seo leis an athbhreithniú ar Phlean Forbartha Chontae Shligigh 2011–2017, agus áirítear ann athruithe a rinneadh le déanaí, chomh maith le forbairtí beartais náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla. Is é is cuspóir an Phlean Forbartha Contae ná tuartha fadtéarmacha na Comhairle maidir le forbairt todhchaí Chontae Shligigh agus a Ionaid Fáis Réigiúnaigh don tréimhse go dtí 2040 a chur i láthair.



BAINISTÍOCHT SÓCMHAINNÍ TALÚN

Tá punann réadmhaoine shuntasach i seilbh Chomhairle Chontae Shligigh. Ar fud an chontae ar fad atá an réadmhaoin sin suite agus áirítear léi láithreacha tábhachtacha i gCathair Shligigh féin. Is deis í an réadmhaoin sin freagairt do thionscnaimh bheartais náisiúnta, go háirithe i ndáil le tithíocht agus na spriocanna do Shligeach faoin gCreat Náisiúnta Pleanála. Tá rún ag an gComhairle Foireann Bainistíochta Sócmhainní Talún thiomnaithe a chur ar bun, a dhíreoidh go sonrach ar fhorbairt agus bhainistíocht réadmhaoine, agus a mbeidh fócas straitéiseach ar leith acu i dtaca le tithíocht a chur ar fáil agus borradh a chur faoi fhorbairt Shligigh.

Fuair Comhairle Chontae Shligigh réimse leathan réadmhaoine nuair a ghlac siad seilbh ar Chuan Shligigh, a bhíodh á bhainistiú roimhe sin ag Coimisinéirí Cuain Shligigh. An-chuid den talamh úd, bhí socrúithe úinéireachta casta ag baint léi, mar shampla, leasanna léasachta, ach ní raibh siad á mbainistiú. Táthar tar éis cuid mhaith de na fadhbanna úinéireachta a réiteach sna 14 de bhlianta atá imithe thart ó glacadh seilbh ar an gcuan, d'ainneoin go raibh costais shuntasacha ann do Chomhairle Chontae Shligigh dá bharr. I láthair na huaire, tá taiscí móra láithreán athfhorbraíochta i gceantar an chuain faoi úinéireacht na Comhairle, agus tá siad i suíomh iontach an-ghar do lár na cathrach.

An tasc a bheidh ag an bhFoireann Bainistíochta Sócmhainní Talún ná leas a bhaint as seifteanna nuálacha chun forbairt réadmhaoine a chur ar aghaidh agus an infheistíocht bhainteach a mhealladh. Oibreoidh an fhoireann i ndlúthpháirt leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún agus an Oifig Soláthair Tithíochta.



AGUISÍNÍ



TIONSCADAL EXTRACT ÉIREANN 2040 - CREAT NÁISIÚNTA PLEANÁLA

RÉIGIÚIN AN TUAISCIRT AGUS AN IARTHAIR

Is fiú go mór aird faoi leith a dhíriú ar réigiúin an Tuaiscirt agus an Iarthair sa Chreat seo. An fáth leis sin ná leibhéal níos ísle uirbithe iontu san am atá thart i gcomparáid le réigiúin eile, gaireacht don teorainn, agus na rioscaí atá ann de bharr Brexit. Má bhreathnaímid ar an gcodarsnacht spásúil idir na cúig chathair atá in Éirinn faoi láthair, gach ceann díobh suite laistean de líne a théann ó Bhaile Átha Cliath go Gaillimh, agus cathracha i dTuaisceart Éireann, mar shampla, Béal Feirste agus Doire, is léir go bhfuil tearcfhorbairt i gceist agus gur den rithábhacht straitéiseach é an chuid seo sen tír a neartú.

Dá nglacfaí lena leithéid de chur chuige, d'aithneofaí go bhfuil an chathair is mó fáis in Éirinn le 50 bliain anuas (Gaillimh) suite sa réigiún sin, chomh maith le háiteanna eile a mbíonn an-tionchar á imirt acu ar na ceantair atá timpeall orthu, i bhfad níos mó tionchair ná mar a cheapfá, bunaithe ar an scála atá acu ó thaobh daonra de. Is gá dul chun cinn a dhéanamh ar bhonn na bhfíricí sin.

I rith shaolré an Chreata, tacófar leis na feidhmeanna cathrach agus réigiún cathrach sin agus feabhsófar iad ar bhunús beartais ábhartha agus infheistíocht, ach beidh béim nach beag freisin ar chur chuige forbartha dlúthfháis a dhaingniú. Má fheidhmítear a leithéid de bheartais, is réigiún breis is 1 milliún duine a bheidh againn faoi 2040, sin ardú daonra de 180,000 i gcomparáid le inniu. An dúshlán is mó a mbeidh ar an réigiún dul i ngleic leis ná bearta a shainiú agus a chur i bhfeidhm, a threiseoidh a struchtúr uirbeach agus a chinnteoidh go mbeidh ceantair thuaithe éagsúlaithe níos láidre ann de réir mar a aistríonn siad sin i dtreo meascán níos leithne de ghníomhaíochtaí eacnamaíocha, a bheidh ina mbonn go fadtéarmach le pobail áitiúla féinchothaithe.



FÍS DIASPÓRA DO SHLIGEACH

Go mbeadh Sligeach ina cheann scríbe fíormhealltach a mbeidh ár nDiaspóra rannpháirteach ann nó a bhfillfidh siad air chun maireachtáil ann, cuairt a thabhairt air nó infheistiú ann.

Aithnítear go forleathan gur gné ríthábhachtach é rannpháirtíocht an Diaspóra den fhorbairt áitiúil eacnamaíoch, shóisialta agus pobail in Éirinn, mar atá leagtha amach in “Éireannaigh an Domhain. Beartas na hÉireann maidir leis an Diaspóra”. Anuas ar theagmháil a dhéanamh leis an Diaspóra ar leibhéal náisiúnta, tá neart féidearthachtaí ann do phobail áitiúla agus chontaetha in Éirinn maidir le gaolta a fhorbairt lena nDiaspóra féin ar mhaithe le forbairt áitiúil agus réigiúnach.

Ar leibhéal áitiúil, is beart é i bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Shligigh 2016–2021, smaoineamh ar bhealaí nua chun nascadh lenár nDiaspóra le go mbeimis in ann naisc chun tairbhe an dá thaobh a fhorbairt trí líonraí agus rannpháirtíocht gníomhaireachtaí eile.

Is iad seo a leanas na torthaí straitéiseacha atá sonraithe i Straitéis Diaspóra do Chontae Shligigh 2019–2024:

- ◆ Insint maidir le Sligeach a fhorbairt agus a scaipeadh, a thacóidh le neartú bhranda Shligigh agus a spreagfaidh brath muintearais i ndaoine arb é Sligeach a n-áit dúchais, pé áit ar domhan a bhfuil siad
- ◆ Gaolta dhá bhealach, fádtéarmacha a fhorbairt leis an Diaspóra, chun tacaíocht ó Shligeach a sholáthar dóibh agus chun gur feidir leo an scéal a scaipeadh faoi Shligeach thar lear dá réir
- ◆ Rannpháirtíocht mhéadaithe leis an Diaspóra chun níos mó díobh a spreagadh le cuairt a thabhairt ar Shligeach, infheistiú a dhéanamh ann nó fiú fillleadh air

Is tábhachtach leanúint de naisc a chothú lenár nDiaspóra chun go mbeidh ar ár gcumas féidearthachtaí sóisialta, eacnamaíocha agus forbairt pobail an chontae a bhaint amach.

Is éard atá sa Straitéis ár dtiomantas do chainéil chumarsáide fhiúntacha a chruthú, a thacóidh lenár ngeilleagar, a mhéadóidh ár n-acmhainneacht shóisialta, agus a chothóidh fréamhacha cultúrtha Shligigh, atá le sonrú go smior i mbreis is 960,000 duine ar fud an domhain.



PLEAN RÍOCHTA POIBLÍ DO LÁR NA CATHRACH

I bhFeabhra 2018, choimisiúnaigh Comhairle Chontae Shligigh an chuideachta shainchomhairleachta, Building Design Partnership, chun plean ríochta poiblí a ullmhú do Shligeach. Is é atá i gceist le Plean Ríochta Poiblí ná doiciméad pleanála ina leagtar síos fíís fhadtéarmach don timpeallacht thógtha, a chuireann riachtanais éagsúla a húsáideoirí san áireamh. Tar éis tréimhse comhairliúcháin, tugadh an Plean Ríochta Poiblí chun críche i Meán Fómhair 2018. Is é sprioc uileghabhálach an choincheapa shoiléir aonair seo maidir le ríocht poiblí i lár na cathrach, ná Sligeach a chlaochlú nó go mbeidh sé mar an chathair is tábhachtaí i réigiún an iarthuaiscirt trí lár cathrach fuinniúil tarraingteach a dhearadh, a mheallfaidh daoine chun maireachtáil agus obair ann, bualadh le daoine agus siopadóireacht ann.

Sainithníodh sa Plean roinnt mhaith príomhláithreacha i gcroílár na cathrach, ina bhfuil deiseanna suntasacha chun spásanna uirbeacha ardcháilíochta a chruthú, lena n-áirítear Sráid Uí Chonaill, Plás Cultúrtha Shráid Stiofáin, Paráid Choill na Carraige agus carrchlós Shráid na Cé. D'éirigh le Comhairle Chontae Shligigh maoiniú a fháil faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach le haghaidh cuid de na tionscadail sin, agus cuirfeadh i bhfeidhm iad le linn na mblianta atá romhainn amach.



CAIRT CUSTAIMÉIRÍ

Ár dtiomantas duitse

- ◆ Seirbhísí ardchaighdeán a chur ar fáil duit go héifeachtach comhbhách.

Cúirtéis agus Meas

Tá tú i dteideal i gcónaí seirbhísí a fháil:

- ◆ Go pras agus go cúirtéiseach.
- ◆ Faoi réir príobháideachais agus rúndachta.
- ◆ Ó bhaill foirne chabhracha.

Oscailteacht agus Neamhchlaontacht

Déanaimid iarracht:

- ◆ Déileáil leat go cothrom oscailte.
- ◆ Aon ghné de do chuid gnóthaí linn a phlé leat.
- ◆ Míniú duit conas a thángthas ar chinneadh.

Rochtain

Déanaimid iarracht:

- ◆ Oifigí poiblí glan inrochtana a sholáthar.
- ◆ Rochtain a éascú le haghaidh daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil sainriachtanais acu.



SCEIDEAL STRAITÉISÍ AGUS BEARTAS

NÁISIÚNTA/AE

- ◆ Ról an Údaráis Áitiúil maidir le beartais náisiúnta ábhartha reatha a bhrú chun tosaigh agus baint a bheith aige leo
- ◆ An tAcht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014
- ◆ Treoirlínte i dtaca leis an gCóras Pleanála agus Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte
- ◆ An Straitéis Náisiúnta Dhigiteach
- ◆ Ár Seirbhís Phoiblí 2020
- ◆ An Straitéis Náisiúnta um Aosú Dearfach
- ◆ An Straitéis Spáis Náisiúnta 2002–2020
- ◆ An Ráiteas Beartais um Pleanáil Mhuirí
- ◆ Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile: Creatlach an Pholasaí Náisiúnta do Leanaí agus do Dhaoine Óga 2014–2020
- ◆ An Plean Náisiúnta Forbartha
- ◆ Atógáil Éireann: Plean Gníomhaíochta don Tithíocht agus don Easpa Dídine
- ◆ Ráiteas Beartais um Easpa Dídine 2013–2016 (DoECLG) 3
- ◆ Clár Cóiríochta do Thaistealaithe 2019–2024 (DoECLG)
- ◆ Pobail a Choinneáil Slán – Creat Seirbhísí Dóiteáin (DoECLG)
- ◆ An Creat Náisiúnta um Oiriúnú don Athrú Aeráide 2012 (DoECLG)



- ◆ Ár bPobail: Creat Beartais don Fhorbairt Pobail Áitiúil in Éirinn
- ◆ An Straitéis Ionchuisithe Náisiúnta um Míchumas (2017–2021)
- ◆ Prótacail maidir le Sócmhainní Réadmhaoine a Aistriú agus a Roinnt
- ◆ An Creat Náisiúnta um Pleanáil Mhuirí (le bheith glactha faoi dheireadh 2020)
- ◆ Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2011–2016 (DoECLG)
- ◆ Clár Gníomhaíochta um Rialú Áitiúil Éifeachtach 2012 (DoECLG)
- ◆ An Creat Beartais agus Forbartha um Leictreachas Inathnuaite
- ◆ Daoine, Áiteanna agus Beartais – An Turasóireacht a Fhás go dtí 2025 agus na Pleananna um Gníomhaíocht Turasóireachta Bainteacha
- ◆ Plean Feidhmithe maidir le Freagairt an Stáit don Easpa Dídine 2014–2016 (DoECLG)
- ◆ Straitéis Eacnamaíoch Mheántéarmach 2014–2020 (Roinn an Taoisigh), Plean Gníomhaíochta le haghaidh Post (an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta), Tógáil 2020 (Roinn an Taoisigh – 2014)
- ◆ Ár dTodhchaí Inbhuanaithe – Creat um Fhorbairt Inbhuanaithe d’Éirinn 2012 (DoECLG)
- ◆ An Creat Beartais Náisiúnta do Leanaí 2014–2020 (an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige)
- ◆ In am dúinn láithreacha comhchónaithe a fhágáil inár ndiaidh – Straitéis um ionchuisiú pobail (FSS)
- ◆ Straitéis Tithíochta Sóisialta 2020 (DoECLG)
- ◆ Plean Straitéiseach Met Éireann 2017–2027
- ◆ Straitéis na hEarnála Poiblí um Éifeachtúlacht Fuinnimh
- ◆ Seirbhís Náisiúnta um Réamhaisnéis agus Rabhaidh Tuilte
- ◆ Beartas Náisiúnta um Fhiontar Sóisialta d’Éirinn 2019–2022
- ◆ Treochlár don Ionchuisiú Sóisialta: Uaillmhianta, Spriocanna agus Gealltanais 2019–2025
- ◆ Plean Gníomhaíochta ar son na hAeráide 2019 chun dul i ngleic le Cliseadh na hAeráide
- ◆ Beartas Forbartha Tuaithe 2020+ An chéad chéim eile
- ◆ Straitéis an AE um Oiriúnú don Athrú Aeráide
- ◆ Treoir ‘Tuilte’ an AE
- ◆ An Córas Eorpach maidir le Feasacht Tuile
- ◆ Pleananna agus Mapaí maidir le Bainistíocht Riosca arna gcur ar fáil faoin gclár náisiúnta CFRAM (Plean Measúnaithe agus Bainistíocht Riosca i gcás Tuilte Dobharcheantair)
- ◆ An Margadh Digiteach Aonair
- ◆ An Creat Náisiúnta um Oiriúnú
- ◆ An Plean Náisiúnta Forbartha
- ◆ An Plean Náisiúnta Oidhreachta – Oidhrecht Éireann 2030



- ◆ Creat Náisiúnta Pleanála 2040
- ◆ Straitéis Náisiúnta maidir le Cuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach 2017–2021
- ◆ Ár Leabharlanna Poiblí 2022: Pobail a Spreagadh, a Nascadh agus a Chumasú
- ◆ Tús Áite do Dhaoine – Clár Gníomhaíochta um Rialú Áitiúil Éifeachtach
- ◆ Atógáil Éireann
- ◆ An Plean Náisiúnta Leathanbhanda
- ◆ Straitéis Sonraí Oscailte 2017–2022
- ◆ An Straitéis Náisiúnta um Thithíocht gan Áitiú a Athúsáid
- ◆ Plean Bainistíochta Abhantraí d’Éirinn 2018–2021
- ◆ Ráiteas Beartais do Sheirbhísí Uisce 2018–2025
- ◆ Straitéis TFC na hEarnála Poiblí
- ◆ Straitéis Ríomhsheirbhísí Rialtais
- ◆ DCCAE: An Straitéis Náisiúnta Cibearshlándála
- ◆ An Straitéis um Fhorbairt Todhchaí Glasbhealaí Náisiúnta agus Réigiúnacha
- ◆ Nuáil DEBI 2020
- ◆ Beartas Náisiúnta Spóirt 2018–2027
- ◆ An Beartas maidir le hÉadail agus Diúscairt Réadmhaoine
- ◆ Plean Forbartha Leabharlainne 2016–2021
- ◆ Éire Shláintiúil – Creat um Shláinte agus Fholláine Fheabhsaithe 2013–2025
- ◆ Treoirínite d’Údaráis Phleanála maidir le Cosaint Oidhreachta Ailtireachta
- ◆ Straitéis Náisiúnta Teanga 2010–2030
- ◆ Forbairt agus Nuáil Turasóireachta: Straitéis d’Infheistíocht 2016–2022
- ◆ An tAcht um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014
- ◆ Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas
- ◆ Garda Síochána 2005
- ◆ An Plean Teagmhais Náisiúnta i gcás Doirteadh Ola (DTTAS)
- ◆ Creat Náisiúnta na hÉireann um Chuardach agus Tarrtháil Mhuirí (DTTAS)
- ◆ Treoirínite um Fhorbairt Fuinnimh Gaoithe



RÉIGIÚNACH

- ◆ Plean Bainistíochta Dramhaíola Chonnacht 2015–2021
- ◆ Clár Oibriúcháin na dTionól Réigiúnach
- ◆ Straitéis Spáis Réigiúnach agus Eacnamaíoch 2020–2032
- ◆ An Tuarascáil um Tháscairí Réigiúnacha – Creat Faireacháin d’Fheidmiú na dTreoirínte Pleanála Réigiúnacha
- ◆ Pleananna Straitéise Comhlachtaí Réigiúnacha eile, m.sh. FSS, Garda Síochána
- ◆ An Plean Gníomhaíochta Réigiúnach um Easpa Dídine
- ◆ Plean Bainistíochta an Riosca Tuilte d’Abhantrach an Iarthuaiscirt
- ◆ Plean Bainistíochta an Riosca Tuilte do Bhá Shligigh agus Abhantrach na Drobhaoise

ÁITIÚIL

- ◆ Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2016–2021
- ◆ Plean Forbartha Contae 2017–2023
- ◆ Pleananna Ceantair Áitiúil
- ◆ Clár Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta
- ◆ Pleananna Forbartha Fiontair Áitiúil
- ◆ Pleananna Folláine na Líonraí Rannpháirtíochta Pobail (PPN)
- ◆ An Plean Mórreigeandála
- ◆ Máistirphlean Athnuachana an Chrainn Mhóir agus a Phurláin
- ◆ Clár Cóiríochta do Thaistealaithe 2019–2024
- ◆ An Straitéis um Oiriúnú Aeráide
- ◆ Fodhlíthe Bainistíochta Dramhaíola
- ◆ An Plean Bliantúil Seirbhísí Geimhridh don Chontae
- ◆ Straitéis Turasóireachta Shligigh 2018–2023
- ◆ Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta 2018–2022
- ◆ Straitéis um Ionchuimsiú agus Rochtain don Mhíchumas 2019–2022
- ◆ Scéim na gCoistí um Beartais Straitéiseacha 2019–2024
- ◆ Straitéis Diaspóra do Chontae Shligigh 2019–2024



AN CHOMHAIRLE SEO AGATSA

SLIGEACH – CEANTAR BARDASACH AN LEATHROIS



An Comhairleoir Tom MacSharry
Fianna Fáil
Sráid Taoiling, Sligeach
087 4163730
tommacsharry@hotmail.com



An Comhairleoir Declan Bree
Neamhpháirtí
1 An tSráid Ard, Sligeach
071 9145490 / 087 2470802
dbree@eircom.net



An Comhairleoir Arthur Gibbons
Sinn Féin
24 Bá an Chartúin, Sligeach
087 2969876
gibbonsarthur@gmail.com



An Comhairleoir Sinéad Maguire
Fine Gael
Seafield, Cnoc na hIora,
Ransboro, Co. Sligeach
087 4194039
sineadmaguire@yahoo.com



An Comhairleoir Gino O'Boyle
Pobal Seachas Brabús
1 Plás Stiofáin Mhic Dhonncha,
Sligeach
086 0757915
ginopbp@outlook.com



An Comhairleoir Rosaleen O'Grady
Fianna Fáil
2 Dún Chaoimhín, Bóthar an
Leathrois, Sligeach
086 8060171
cillrosaleenogrady@gmail.com



BAILE AN MHÓTA – CEANTAR BARDASACH THOBAR AN CHOIRE



An Comhairleoir Martin Baker
Fianna Fáil
2 Ard Caorthainn, Baile Idir
Dhá Abhainn, Co. Sligeach
071 9127472 / 086 1608334
cllrmbaker@gmail.com



An Comhairleoir Michael Clarke
Neamhpháirtí
Cnoc an Choillín, An Droim
Mór Thiar, Co. Sligeach
087 7708691
cllrMichaelclarke@eircom.net



An Comhairleoir Martin Connolly
Fine Gael
Na Mullacha,
Tobar an Choire, Co. Sligeach
087 2054930
connollymartin63@gmail.com



An Comhairleoir Gerard Mullaney
Fine Gael
Maigh Tuireadh Thoir, Cill Mhic
Treana, Mainistir na Búille, Co.
Sligeach
086 8221995
mullaneygerard1@gmail.com



An Comhairleoir Dara Mulvey
Fine Gael
Ceathrú na Cloiche, Cúil Áine,
Co Sligeach
087 6885050
dfmulvey@gmail.com



An Comhairleoir Joseph Queenan
Neamhpháirtí
Leacán an tSléibhe, Inis
Crabhann, Co Sligeach
096 36449 / 087 6214422
queenanjoseph@eircom.net



An Comhairleoir Paul Taylor
Fianna Fáil
17 Cluain Dara, Goirtín,
Co. Sligeach
087 6794509
paultaylorSligo@gmail.com



SLIGEACH – CEANTAR BARDASACH DHROIM CHLIABH



An Comhairleoir Marie Casserly
Neamhpháirtí
An tSrithideach, An Ghráinseach, Co. Sligeach
086 3182529
mariecasserly1@gmail.com



An Comhairleoir Tom Fox
Fine Gael
Calgach, Calraí, Co Sligeach
087 2074720
tom@tomfox.ie




An Comhairleoir Dónal Gilroy
Fianna Fáil
An tSrithideach, An Ghráinseach, Co. Sligeach
087 9386694
donalgilroy@outlook.com



An Comhairleoir Thomas Healy
Sinn Féin
An Leargain, Cúil Mhuine, Co. Sligeach
086 3666561
thealyt@gmail.com



An Comhairleoir Thomas Walsh
Fine Gael
32 The Lodges, Caiseal Locha Deargáin, Baile Uí Dhálaigh, Co. Sligeach
086 1025285
walshtomasf@yahoo.ie



Toghmhapa Chontae Shligigh



COISTÍ UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA

COISTE UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA 1

Tithíocht agus Corparáideach

Ainm	Earnáil
An Comhairleoir Arthur Gibbons, Cathaoirleach	Rialtas Áitiúil
An Comhairleoir Martin Baker	Rialtas Áitiúil
An Comhairleoir Declan Bree	Rialtas Áitiúil
An Comhairleoir Tom Fox	Rialtas Áitiúil
An Comhairleoir Gino O'Boyle	Rialtas Áitiúil
An Comhairleoir Joe Queenan	Rialtas Áitiúil
Alan McMenamin	PPN Pobal & Deonach
Pippa Black	PPN Ionchuimsiú Sóisialta
Melinda Swann	PPN Comhshaol
Pat Fallon	An Colún Ceardchumainn



COISTE UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA 2

Comhshaol agus Bonneagar

Ainm	Earnáil
An Comhairleoir Dónal Gilroy, Cathaoirleach	Rialtas Áitiúil
An Comhairleoir Michael Clarke	Rialtas Áitiúil
An Comhairleoir Thomas Healy	Rialtas Áitiúil
An Comhairleoir Thomas Walsh	Rialtas Áitiúil
An Comhairleoir Paul Taylor	Rialtas Áitiúil
An Comhairleoir Rosaleen O'Grady	Rialtas Áitiúil
Sharon Eastwood	PPN Pobail Pobal & Deonach
Joan Swift	PPN Comhshaol
Conor McCarthy	An Colún Gnó
Michael O'Dowd	Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann (IFA)



COISTE UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA 3

Pleanáil, Pobal agus Forbairt Eacnamaíoch, Ealaíona agus Cultúr

Ainm	Earnáil
An Comhairleoir Rosaleen O'Grady, Cathaoirleach	Rialtas Áitiúil
An Comhairleoir Marie Casserly	Rialtas Áitiúil
An Comhairleoir Gerard Mullaney	Rialtas Áitiúil
An Comhairleoir Arthur Gibbons	Rialtas Áitiúil
An Comhairleoir Thomas Healy	Rialtas Áitiúil
An Comhairleoir Thomas Walsh	Rialtas Áitiúil
An Comhairleoir Tom Fox	Rialtas Áitiúil
An Comhairleoir Tom MacSharry	Rialtas Áitiúil
Corena Ward	PPN Pobal & Deonach
Sanja Ivandic	PPN Ionchuimsiú Sóisialta
Suzanne Tynan	PPN Comhshaol
Karen O'Hara	An Colún Ceardchumainn
Aidan Doyle	An Colún Gnó
Des Morrison	IFA



COISTE UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA 4

Athrú Aeráide

Ainm	Earnáil
An Comhairleoir Sinéad Maguire, Cathaoirleach	Rialtas Áitiúil
An Comhairleoir Dara Mulvey	Rialtas Áitiúil
An Comhairleoir Martin Connolly	Rialtas Áitiúil
An Comhairleoir Dónal Gilroy	Rialtas Áitiúil
An Comhairleoir Paul Taylor	Rialtas Áitiúil
An Comhairleoir Tom MacSharry	Rialtas Áitiúil
Lisa Moore	PPN Pobal & Deonach
Yvonne Lang	PPN Comhshaol
Laura Gaffney	An Colún Gnó
Bernard Finan	IFA



COISTE UM FHORBAIRT POBAIL ÁITIÚIL

Ainm	Eagraíocht	Earnáil
An Comhairleoir Tom Fox	Comhairle Chontae Shligigh	Rialtas Áitiúil
An Comhairleoir Dara Mulvey	Comhairle Chontae Shligigh	Rialtas Áitiúil
An Comhairleoir Joe Queenan	Comhairle Chontae Shligigh	Rialtas Áitiúil
Ciarán Hayes	Príomhfheidhmeannach, Comhairle Chontae Shligigh	Rialtas Áitiúil
John Reilly	Ceann na hOifige Fiontair Áitiúil, Comhairle Chontae Shligigh	Rialtas Áitiúil
Mary Brodie	Bord Oideachais agus Oiliúna Mhaigh Eo, Shligigh agus Liatroma	Gníomhaireacht Stáit
Patricia Garland	FSS	Gníomhaireacht Stáit
John Kennedy	An Roinn Gnóthaí Fostaíochta & Coimirce Sóisialaí	Gníomhaireacht Stáit
John Feerick	Sligo LEADER Partnership Company CLG	Forbairt Áitiúil & Pobail
Jennifer Van Aswegen	Cónaidhm na hÉireann um Míchumas (PPN)	Ionchuimsiú Sóisialta
Elizabeth King	Ionad Acmhainní Teaghlaigh Shligigh (PPN)	Ionchuimsiú Sóisialta
Mary Murphy	CADRA (PPN)	Pobal & Deonach
Gerry O'Connor	Cumann Luthchleas Gael (PPN)	Pobal & Deonach
Michael Kirby	An Taisce san Iarthuaisceart (PPN)	Leasanna Comhshaoil
Aidan Doyle	An Colún Gnó	Comhlachas Tráchtála Shligigh
Kathleen Henry	An Colún Feirmeoireachta	IFA
Hugh MacConville	An Colún Ceardchumainn	Comhdháil na gCeardchumann



CAIRT EAGRÚCHÁIN

Príomhfheidhmeannach


**Stiúrthóir Seirbhísí
Seirbhísí Tithíochta &
Corparáideacha**

**Stiúrthóir Seirbhísí
Comhshaol, Bonneagar
agus Seirbhísí Dóiteáin**

**Stiúrthóir Seirbhísí
Pleanáil, Pobal & Forbairt
Eacnamaíoch, Ealaíona &
Cultúr**

Ceann Airgeadais

**Ceann Fiontraíochta
Oifig Fiontair Áitiúil**



SONRAÍ BONNLÍNE

Leagtar amach i bPlean Corparáideach Chomhairle Chontae Shligigh an ráiteas misin, an creat straitéiseach agus na bearta lárnacha don tréimhse cúig bliana 2020–2024.

Baintear leas as Táscairí Feidhmíochta chun cur i bhfeidhm na spriocanna atá sonraithe sa Phlean a thomhas, a mhonatóiriú agus a athbhreithniú. Is bonnlíne iad na táscairí feidhmíochta sin maidir leis na leibhéil soláthair seirbhísí, agus déanfar iad a nuashonrú agus a athbhreithniú go bliantúil i rith shaolré an Phlean. Is é an Coimisiún Náisiúnta um Fhormhaoirsiú agus Iniúchóireacht a dhéanfaidh na Táscairí Feidhmíochta sin a mhonatóiriú agus a imscrúdú go neamhspleách.



TITHÍOCHT		BONNLÍNE 2020
H1 Stoc Tithíochta Sóisialta		
A	An líon áitreabh a bhí i seilbh an Údaráis Áitiúil ag tús na bliana	2,128
B	An líon áitreabh a cuireadh leis an stoc i seilbh an Údaráis Áitiúil i rith na bliana (cibé acu ar tógadh iad nó ar éadáladh iad)	39
C	An líon áitreabh i seilbh an Údaráis Áitiúil a dhíoltar go bliantúil	11
D	An líon áitreabh Údaráis Áitiúil a scartáladh	0
E	An líon áitreabh a bhí i seilbh an Údaráis Áitiúil ag deireadh na bliana	2,156
F	An líon áitreabh i seilbh an Údaráis Áitiúil a bhfuil sé pleanáilte iad a scartáil faoi scéim arna faomhadh ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (DHPLG)	16
H2 Folúntais Tithíochta		
A	Céatadán an lín iomláin áitreabh i seilbh an Údaráis Áitiúil a bhí gan áitiú ag deireadh na bliana	3.46 %
H3 Meántréimhse Ama go Ligtear ar Cíos Arís iad agus Costais Dhíreacha		
A	An t-am a thóg sé ón dáta ar fhág an tionónta an t-áitreabh go dtí an dáta a ndeachaigh tionónta nua isteach san áitreabh, agus é sin meánaithe do na háitribh uile a ligeadh ar cíos arís i rith na bliana	25.64 seachtain
B	An costas a bhain le tionóntaí nua a fháil sna háitribh, agus an costas sin meánaithe do na háitribh uile a ligeadh ar cíos arís sa bhliain áirithe sin	€20,521.29
H4 Cothabháil Tithíochta Costais Dhíreacha		
A	Caiteachas ar chothabháil tithíochta Údaráis Áitiúil – meanchaiteachas in aghaidh an aonaid	€403.85
H5 Iniúchtaí ar Áitribh ar Cíos san Earnáil Phríobháideach		
A	An líon iomlán tionóntachtaí cláirithe i limistéar an Údaráis Áitiúil i lár na bliana	5,751
B	An líon áitreabh ligthe ar cíos a ndéantar iniúchadh orthu gach bliain	624
C	An céatadán áitreabh iniúchta a bhfuarthas ina leith nach raibh na Rialacháin um Chaighdeán á gcomhlíonadh acu	100%
D	An líon áitreabh nach raibh comhlíontach, a chomhlíon na caighdeáin ansin i rith na bliana	202
H6 Aosaigh gan Dídean go Fadtéarmach		
A	An líon aosach i gcóiríocht éigeandála atá gan dídean go fadtéarmach mar % den líon iomlán aosach gan dídean a bhí i gcóiríocht éigeandála ag deireadh na bliana	50%



BÓITHRE		BONNLÍNE 2020
R1	Innéacs um Ríocht an Dromchla Pábhála (PSCI)	
A(a)	An % de chiliméadair ar bhóithre réigiúnacha a ghnóthaigh rátáil PSCI sa tréimhse 24 mí go dtí deireadh na bliana	97.27%
A(b)	An % de chiliméadair ar phríomhbhóithre áitiúla a ghnóthaigh rátáil PSCI sa tréimhse 24 mí go dtí deireadh na bliana	96.66%
A(c)	An % de chiliméadair ar bhóithre áitiúla den dara grád a ghnóthaigh rátáil PSCI sa tréimhse 24 mí go dtí deireadh na bliana	95.89%
A(d)	An % de chiliméadair ar bhóithre áitiúla den tríú grád a ghnóthaigh rátáil PSCI sa tréimhse 60 mí go dtí deireadh na bliana	81.42%
B(a)	An % de chiliméadair ar bhóithre réigiúnacha a raibh rátáil PSCI de 1-4 acu ag deireadh na bliana	7.68%
	The % de chiliméadair ar bhóithre réigiúnacha a raibh rátáil PSCI de 5-6 acu ag deireadh na bliana	19.2%
	The % de chiliméadair ar bhóithre réigiúnacha a raibh rátáil PSCI de 7-8 acu ag deireadh na bliana	22.34%
	The % de chiliméadair ar bhóithre réigiúnacha a raibh rátáil PSCI de 9-10 acu ag deireadh na bliana	50.60%
B(b)	An % de chiliméadair ar phríomhbhóithre áitiúla a raibh rátáil PSCI de 1-4 acu ag deireadh na bliana	13.91%
	An % de chiliméadair ar phríomhbhóithre áitiúla a raibh rátáil PSCI de 5-6 acu ag deireadh na bliana	11.60%
	An % de chiliméadair ar phríomhbhóithre áitiúla a raibh rátáil PSCI de 7-8 acu ag deireadh na bliana	46.66%
	An % de chiliméadair ar phríomhbhóithre áitiúla a raibh rátáil PSCI de 9-10 acu ag deireadh na bliana	27.46%
B(C)	An % de chiliméadair ar bhóithre áitiúla den dara grád a raibh rátáil PSCI de 1-4 acu ag deireadh na bliana	27%
	An % de chiliméadair ar bhóithre áitiúla den dara grád a raibh rátáil PSCI de 5-6 acu ag deireadh na bliana	10.09%
	An % de chiliméadair ar bhóithre áitiúla den dara grád a raibh rátáil PSCI de 7-8 acu ag deireadh na bliana	42.21%
	An % de chiliméadair ar bhóithre áitiúla den dara grád a raibh rátáil PSCI de 9-10 acu ag deireadh na bliana	19.58%
B(D)	An % de chiliméadair ar bhóithre áitiúla den tríú grád a raibh rátáil PSCI de 1-4 acu ag deireadh na bliana	33.70%
	An % de chiliméadair ar bhóithre áitiúla den tríú grád a raibh rátáil PSCI de 5-6 acu ag deireadh na bliana	15.34%
	An % de chiliméadair ar bhóithre áitiúla den tríú grád a raibh rátáil PSCI de 7-8 acu ag deireadh na bliana	20.50%
	An % de chiliméadair ar bhóithre áitiúla den tríú grád a raibh rátáil PSCI de 9-10 acu ag deireadh na bliana	14.42%



R2 Oibreacha bóthair		
A	Ciliméadair de bhóthar réigiúnach a neartaíodh i rith na bliana	5.5km
B	Ciliméadair de bhóthar réigiúnach a athshéalaíodh i rith na bliana	8.90km
C	Ciliméadair de bhóthar áitiúil a neartaíodh i rith na bliana	56.8km
D	Ciliméadair de bhóthar áitiúil a athshéalaíodh i rith na bliana	66.5km
R3 % d'idirbhearta mótarachánach a rinneadh ar líne		
A	An céatadán d'idirbhearta mótarachánach a rinneadh ar líne (is é sin, déantar an t-idirbheart a phróiseáil agus an diosca mótarachánach a eisiúint) i rith na bliana	64.65%

UISCE		BONNLÍNE 2020
R1	% de Scéimeanna Príobháideacha Uisce Óil a bhfuil na riachtanais reachtúla á gcomhlíonadh acu i ndáil le cáilíocht na soláthairtí príobháideacha uisce óil a mhonatóiriú i rith na bliana	98.74%

DRAMHAÍL / COMHSHAOL		BONNLÍNE 2020
E1	Líon nó céatadán teaghlach a bhfuil leas á bhaint acu as seirbhísí 3 araid	
A	An líon teaghlach, bunaithe ar Dhaonáireamh 2016, atá lonnaithe i gceantar atá clúdaithe ag oibreoir ceadóinstithe a bhfuil seirbhís 3 araid á cur ar fáil aige	8,309
A	An % teaghlach laistigh den Údarás Áitiúil (de réir Dhaonáireamh 2016 freisin) a dtagraíonn an uimhir ag A dóibh	33.56%
E2	An Líon Gearán faoi Thruailliú Comhshaoil a Tugadh chun Críche	
A1	An líon iomlán cásanna truaillithe a ndearnadh gearán fúthu i rith na bliana	559
A2	An líon cásanna truaillithe a tugadh chun críche i rith na bliana	486
A3	An líon iomlán cásanna idir lámha ag deireadh na bliana	197
E3	An % de limistéar Údarás Áitiúil atá laistigh de gach ceann de na cúig leibhéal truaillithe bruscair	
A1	An % den limistéar san Údarás Áitiúil a ndearnadh suirbhé air agus a bhfuarthas ina leith go raibh sé neamhthruaillithe nó saor ó bhruscar	19%



A2	An % den limistéar san Údarás Áitiúil a ndearnadh suirbhé air agus a bhfuarthas ina leith go raibh sé beagáinín truaillithe	66%
A3	An % den limistéar san Údarás Áitiúil a ndearnadh suirbhé air agus a bhfuarthas ina leith go raibh sé measartha truaillithe	15%
A4	An % den limistéar san Údarás Áitiúil a ndearnadh suirbhé air agus a bhfuarthas ina leith go raibh sé truaillithe go mór	0%
A5	An % den limistéar san Údarás Áitiúil a ndearnadh suirbhé air agus a bhfuarthas ina leith go raibh sé fíorthruaillithe	0%
E4	Stádas Brataí Glaise	
A	An % scoileanna ar bronnadh stádas brataí glaise orthu sa tréimhse dhá bhliain go dtí deireadh na bliana	53.09%
E5	Éifeachtúlacht Fuinnimh	
A	An % carnach de shábháil fuinnimh a baineadh amach faoi dheireadh na bliana i gcomparáid leis an mbliain bhonnlíne (2009)	26.28%

PLEANÁIL		BONNLÍNE 2020
P1	Foirgnimh Nua a nDearnadh Iniúchadh Orthu	
A	Foirgnimh a ndearnadh iniúchadh orthu mar chéatadán de na foirgnimh nua a tuairiscíodh don Údarás Áitiúil	13.41%
P2	Cinntí Pleanála a dhearbhaigh An Bord Pleanála	
A	An líon cinntí pleanála de chuid an Údaráis Áitiúil a ndearnadh achomharc ina leith chuig An Bord Pleanála agus a chinn an Bord ar aon dáta i rith na bliana	25
B	% de na cinntí ag A, a thacaigh leis an gcinneadh (le hathrú nó gan athrú) a rinne an tÚdarás Áitiúil	92%
P3	Cásanna Forfheidhmithe Pleanála a dúnadh mar gur réitíodh iad	
A	Líon iomlán cásanna pleanála a ndearnadh imscrúdú orthu i rith na bliana tar éis dóibh a bheith treoraithe chuig an Údarás Áitiúil nó tionscanta ag an Údarás Áitiúil	84
B	Líon iomlán cásanna a ndearnadh imscrúdú orthu a dúnadh i rith na bliana	162
C	An % de na cásanna ag B ar diúltaíodh dóibh mar go raibh siad fánach, beagthábhachtach nó gan bunús, nó a dúnadh mar go raibh siad faoi urchosc reachta nó mar go raibh forbairt dhíolmhaithe i gceist.	17.28%
D	An % cásanna ag B a réitíodh chun shástacht an Údaráis Áitiúil trí idirbheartaíocht	13.58%
E	An % cásanna ag B a dúnadh mar gheall ar imeachtaí forfheidhmithe	69.14%
F	An líon iomlán cásanna pleanála a bhí á n-imscrúdú amhail ag deireadh na bliana	202



P4 Costas na Seirbhíse Pleanála per capita		
A	Sonraí Chlár D an Ráitis Airgeadais Bhliantúil reatha roinnte ar dhaonra limistéar an Údaráis Áitiúil de réir Dhaonáireamh 2016	€32.58
P5 Iarratais ar Dheimhnithe um Shábháilteacht ó Dhóiteáin		
A	An céatadán iarratas ar dheimhnithe um shábháilteacht ó dhóiteáin a fuarthas ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig a ndearnadh cinneadh ina leith (deonaithe ná diúltaithe) laistigh de dhá mhí ó fuarthas iad	86.96%
B	An céatadán iarratas ar dheimhnithe um shábháilteacht ó dhóiteáin a fuarthas ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig a ndearnadh cinneadh ina leith (deonaithe ná diúltaithe) laistigh de thréimhse leathnaithe arna comhaontú leis an iarrthóir	13.04%

SEIRBHÍS DÓITEÁIN		BONNLÍNE 2020
F1 Costas na Seirbhísí Dóiteáin per capita		
A	Sonraí Chlár E an Ráitis Airgeadais Bhliantúil reatha roinnte ar dhaonra limistéar an Údaráis Áitiúil de réir fhiúirí Dhaonáireamh 2016 don daonra a bhfreastalaíonn an t-údarás dóiteáin orthu de réir Chéim a hAon de na tuarascálacha um Chur Chuige Riosca-Bhunaithe	€66.08
F2 Slógadh na Seirbhíse Dóiteáin		
B	An meán-am, i nóiméid, a thógann sé chun briogáidí dóiteáin a shlógadh i stáisiúin pháirtaimseartha (seirbhís dóiteáin choinnithe) i ndáil le dóiteán	3.41 min
D	An meán-am, i nóiméid, a thógann sé chun briogáidí dóiteáin a shlógadh i stáisiúin pháirtaimseartha (seirbhís dóiteáin choinnithe) i ndáil le gach teagmhas éigeandála eile (nach dóiteán é)	3.32 min
F3 Amanna Freastail ar Theagmhais i gCéatadáin		
A	An % cásanna dóiteáin ar thóg sé suas le 10 nóiméad chun an chéad-fhreastal ar an teagmhas a dhéanamh	57.48%
B	An % cásanna dóiteáin ar thóg sé níos mó ná 10 nóiméad ach níos lú ná 20 nóiméad chun an chéad-fhreastal ar an teagmhas a dhéanamh	34.58%
C	An % cásanna dóiteáin ar thóg sé níos mó ná 20 nóiméad chun an chéad-fhreastal ar an teagmhas a dhéanamh	7.94%
D	An % cásanna i ndáil le gach teagmhas éigeandála eile ar thóg sé suas le 10 nóiméad chun an chéad-fhreastal ar an teagmhas a dhéanamh	49.36%
E	An % cásanna i ndáil le gach teagmhas éigeandála eile ar thóg sé níos mó ná 10 nóiméad ach níos lú ná 20 nóiméad chun an chéad-fhreastal ar an teagmhas a dhéanamh	41.70%
F	An % cásanna i ndáil le gach teagmhas éigeandála eile ar thóg sé níos mó ná 20 nóiméad chun an chéad-fhreastal ar an teagmhas a dhéanamh	8.94%



SEIRBHÍS LEABHARLAINNE		BONNLÍNE 2020
L1	Cuairteanna agus Ceisteanna Leabharlainne	
A	An líon cuairteanna ar leabharlanna in aghaidh an duine den daonra do limistéar an Údaráis Áitiúil de réir Dhaonáireamh 2016	2.66
B	An líon míreanna a eisíodh d'iasachtaithe sa bhliain	201,830
L2	An Costas per capita a Bhaineann le Seirbhís Leabharlainne a Rith	
A	Sonraí Chlár F an Ráitis Airgeadais Bhliantúil reatha roinnte ar dhaonra limistéar an Údaráis Áitiúil de réir Dhaonáireamh 2016	€32.93

DAOINE ÓGA / POBAL		BONNLÍNE 2020
Y1	Rannpháirtíocht i scéim Chomhairle na nÓg	
A	An céatadán scoileanna áitiúla a bhí páirteach i scéim áitiúil Chomhairle na nÓg	84.62%
Y2	Grúpaí a Bhaineann leis an Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN)	
A	An líon eagraíochtaí a bhí san áireamh i gClár an Chontae ag deireadh na bliana agus an sciar díobh sin a roghnaigh a bheith páirteach sa Choláiste Ionchuimsithe Shóisialta laistigh den PPN	8.93

CORPARÁIDEACH		BONNLÍNE 2020
C1	An Líon Foirne Coibhéise Lánaimseartha (WTE)	
A	An líon foirne coibhéise lánaimseartha amhail ag deireadh na bliana	423.34
C2	An Líon Laethanta Oibre a Cailleadh de bharr Tinnis	
A	An céatadán laethanta oibre íoctha a cailleadh sa bhliain mar thoradh ar asláithreacht de bharr tinnis a bhfuarthas teastas dochtúra ina leith	3.49%
B	An céatadán laethanta oibre íoctha a cailleadh sa bhliain mar thoradh ar asláithreacht fhéindeimhnithe	0.22%
C3	Láithreán Gréasáin an Údaráis Áitiúil agus Úsáid na Meán Sóisialta	
A	An líon amas ar láithreáin ghréasáin an Údaráis Áitiúil i rith na bliana	1,014,460
B	An líon daoine a raibh cuntais mheán sóisialta an Údaráis Áitiúil á leanúint acu ag deireadh na bliana	19,891



C4	Costas foriomlán an tsoláthair TFC in aghaidh WTE	
A	An caiteachas TFC uile sa tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig, roinnte ar an líon WTE arna sholáthar faoin táscaire C1	€3,747.59
C5	Costas foriomlán TFC mar sciar den chaiteachas ioncaim	
A	Rinneadh an caiteachas TFC uile in C4 a ríomh mar sciar den chaiteachas ioncaim	2.58

AIRGEADAS		BONNLÍNE 2020
M1	Iarmhéid sa Chuntas Ioncaim	
E	Iarmhéid barrachais/easnaimh carnach amhail ar an 31 Nollaig gach bliain sa Chuntas Ioncaim ó Ráiteas Cuntais Ioncaim & Caiteachais an Ráitis Airgeadais Bhliantúil	€-18,483,135
F	Iarmhéid barrachais nó easnaimh carnach amhail ar an 31 Nollaig gach bliain mar chéatadán den ioncam iomlán ó Ráiteas Cuntais Ioncaim & Caiteachais an Ráitis Airgeadais Bhliantúil	-29.10%
G	Caiteachas ioncaim per capita	€942.70
M2	An % Leibhéal Bailiúcháin ó Mhórfhoinsí Ioncaim	
A	Leibhéal bailiúcháin Rátaí ón Ráiteas Airgeadais Bhliantúil	82%
B	Leibhéal bailiúcháin Cíosa & Blianachtaí ón Ráiteas Airgeadais Bhliantúil	80%
C	Leibhéal bailiúcháin Iasachtaí Tithíochta ón Ráiteas Airgeadais Bhliantúil	64%

FORBAIRT EACNAMAÍOCH		BONNLÍNE 2020
J1	An Líon Post a Cruthaíodh	
A	An líon post a cruthaíodh sa bhliain le cabhair ón Oifig Fiontair Áitiúil ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig	95.0
J2	Dearbháin Trádáil ar Líne	
A	An líon iarratas ar dhearbháin trádáil ar líne sa bhliain arna cheadú ag an Oifig Fiontair Áitiúil	19
B	An líon de na dearbháin trádáil ar líne sin a íostarraingíodh i rith na bliana	9



J3	An Líon Daoine ar Tugadh Meantóireacht Dóibh	
A	An líon rannpháirtithe ar tugadh meantóireacht dóibh sa bhliain ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig	217
J4	Turasóireacht	
A	An bhfuil straitéis turasóireachta ag an Údarás Áitiúil faoi láthair?	Tá
B	An bhfuil Oifigeach Turasóireachta ainmnithe ag an Údarás Áitiúil?	Tá



*Land of Heart's Desire,
Where beauty has no ebb, decay no flood,
But joy is wisdom, time an endless song.*

(William Butler Yeats)





FACEBOOK

/SLIGOCOUNTYCOUNCIL
/SLIGOLIVEINVESTVISIT



TWITTER

/SLIGOCOCO
/SLIGO



SONRAÍ TEAGMHÁLA

COMHAIRLE CHONTAE SHLIGIGH, HALLA AN
CHONTAE, COIS ABHANN, SLIGEACH

R-PHOST: INFO@SLIGOCOCO.IE

GUTHÁN: 071 911 11 11

FACS: 071 914 11 19



GRÉASÁN

WWW.SLIGOCOCO.IE
WWW.SLIGO.IE



Sligo County Council
Comhairle Chontae Shligigh

Sligo.ie